



**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



DÉANTÚS ÁITE SA CHORR DHUBH

TORTHAÍ A THÁINIG CHUN CINN Ó FHEIDHMIÚ
CÉIMNEACH UIRLIS AN CHAIGHDEÁIN ÁITE

TUARASCÁIL 2

Samhain 2025

KW Research agus O'Keeffe Social Research

© Comhairle Contae Fhine Gall, 2025

Údair: An Dr Kathy Walsh, An Dr Breandán Ó Caoimh & Ann Marie Morrison

Déantús Áite sa Chorr Dhubh - Torthaí a tháinig chun cinn ó fheidhmiú céimneach Uirlis an Chaighdeáin Áite *Tuarascáil 2*



Samhain 2025

KW Research agus O'Keeffe Social Research

© Comhairle Contae Fhine Gall, 2025

Údair: An Dr Kathy Walsh, an Dr Breandán Ó Caoimh agus Ann Marie Morrison

Clár Ábhar

Brollach – Comhairle Contae Fhine Gall i

1. Déantús Áite sa Chorr Dhubh: Pobal Inbhuanaithe agus Athléimneach a Thógáil 1

1.1 Réamhrá 1

1.2 Déantús Áite 5

2. Braistintí faoi Áit 10

2.1 Uirlis an Chaighdeán Áite 10

2.2 Torthaí maidir le Caighdeán Áite sa Chorr Dhubh 17

2.3 Braistintí eile maidir le háit 48

3. Conclúid: Impleachtaí le haghaidh Déantús Áite sa Chorr Dhubh 50

Iarscríbhinn 1: Príomhstraitéisí agus Pleananna a mbíonn tionchar acu ar Dhéantús Áite sa Chorr Dhubh

53

Liosta na bhFíoracha

<u>Fíor 1: Suíomh na Coirre Duibhe</u>	<u>2</u>
<u>Fíor 2: Lorg geografach na Coirre Duibhe</u>	<u>3</u>
<u>Fíor 3: Na trí aschur a eascraíonn as feidhmiú céimneach Uirlis an Chaighdeáin Áite sa Chorr Dhubh</u>	<u>4</u>
<u>Fíor 4: Toisí an Chaighdeáin Áite</u>	<u>11</u>
<u>Fíor 5: Tascghrúpa na Coirre Duibhe</u>	<u>12</u>
<u>Fíor 6: Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh i bpróiseas an Chaighdeáin Áite</u>	<u>13</u>
<u>Fíor 7: Páirtithe leasmhara rannpháirteach i gCeardlanna maidir le Caighdeán Áite</u>	<u>14</u>
<u>Fíor 8: Páirtithe leasmhara rannpháirteach sna hAgallaimh Siúil/Comhairliúcháin Siúil & Cainte</u>	<u>15</u>
<u>Fíor 9: Ceardlann Ealaíne Pobail sa Chorr Dhubh</u>	<u>16</u>
<u>Fíor 10: Meánscóir ar gach ceann de thoisí an Chaighdeáin Áite sa Chorr Dhubh (2025)</u>	<u>17</u>
<u>Fíor 11: Ionad Spóirt na Coirre Duibhe</u>	<u>18</u>
<u>Fíor 12: Gnéithe dearfacha d'áiseanna agus de sheirbhísí</u>	<u>18</u>
<u>Fíor 13: Gnéithe dúshlánacha d'áiseanna agus de sheirbhísí</u>	<u>19</u>
<u>Fíor 14: Club Peile na Coirre Duibhe</u>	<u>20</u>
<u>Fíor 15: Gnéithe dearfacha den fhéiniúlacht agus den mhuintearas</u>	<u>20</u>
<u>Fíor 16: An Chorr Dhubh – Mórtas Áite</u>	<u>21</u>
<u>Fíor 17: Gnéithe dúshlánacha den fhéiniúlacht agus den mhuintearas</u>	<u>21</u>
<u>Fíor 18: Ionad Siopadóireachta na Coirre Duibhe</u>	<u>22</u>
<u>Fíor 19: Gnéithe dearfacha den obair agus den gheilleagar áitiúil</u>	<u>22</u>
<u>Fíor 20: Gnéithe dúshlánacha den obair agus den gheilleagar áitiúil</u>	<u>23</u>
<u>Fíor 21: Páirc na Coirre Duibhe</u>	<u>24</u>
<u>Fíor 22: Gnéithe dearfacha de spásanna nádúrtha</u>	<u>25</u>
<u>Fíor 23: Gnéithe dúshlánacha de spásanna nádúrtha</u>	<u>25</u>
<u>Fíor 24: Gairdín Pobail na Coirre Duibhe</u>	<u>26</u>
<u>Fíor 25: Gnéithe dearfacha den idirghníomhiú sóisialta</u>	<u>27</u>
<u>Fíor 26: Ionad Pobail Dúnta</u>	<u>27</u>
<u>Fíor 27: Gnéithe dúshlánacha d'idirghníomhuithe sóisialta</u>	<u>28</u>
<u>Fíor 28: Gnéithe dearfacha den chúram agus den chothabháil</u>	<u>29</u>
<u>Fíor 29: Gnéithe dúshlánacha den chúram agus den chothabháil</u>	<u>30</u>
<u>Fíor 30: Gnéithe den timpeallacht thógtha agus den bhonneagar tógtha</u>	<u>31</u>
<u>Fíor 31: Gnéithe dearfacha de bhogadh timpeall</u>	<u>31</u>
<u>Fíor 32: Gnéithe dúshlánacha a bhaineann le bogadh timpeall</u>	<u>32</u>
<u>Fíor 33: Gnéithe den soláthar iompair phoiblí</u>	<u>33</u>
<u>Fíor 34: Gnéithe dearfacha den iompar poiblí</u>	<u>33</u>
<u>Fíor 35: Gnéithe dúshlánacha den iompar poiblí</u>	<u>34</u>
<u>Fíor 36: Tithe sa Chorr Dhubh</u>	<u>35</u>
<u>Fíor 37: Gnéithe dearfacha den tithíocht agus den phobal</u>	<u>35</u>
<u>Fíor 38: Gnéithe dúshlánacha den tithíocht agus den phobal</u>	<u>36</u>
<u>Fíor 39: Gnéithe dearfacha de shráideanna agus de spásanna</u>	<u>37</u>
<u>Fíor 40: Gnéithe dúshlánacha de shráideanna agus de spásanna</u>	<u>38</u>
<u>Fíor 41: Gnéithe dearfacha de thionchar an phobail</u>	<u>39</u>
<u>Fíor 42: Gnéithe dúshlánacha de thionchar an phobail</u>	<u>40</u>
<u>Fíor 43: Lárionad Cúraim Phríomhúil na Coirre Duibhe</u>	<u>40</u>
<u>Fíor 44: Gnéithe dearfacha den trácht agus den pháirceáil</u>	<u>41</u>
<u>Fíor 45: Gnéithe dúshlánacha den trácht agus den pháirceáil</u>	<u>42</u>

<u>Fíor 46: Páirc na Coirre Duibhe (faiche os comhair tithe) agus d'áit na ngasóg</u>	<u>43</u>
<u>Fíor 47: Gnéithe dearfacha den súgradh agus den chaitheamh aimsire</u>	<u>43</u>
<u>Fíor 48: Gnéithe dúshlánacha den súgradh agus den fhóillíocht</u>	<u>44</u>
<u>Fíor 49: An réimse poiblí a chosaint</u>	<u>45</u>
<u>Fíor 50: Gnéithe dearfacha de bheith ag mothú go sábháilte</u>	<u>45</u>
<u>Fíor 51: Is fadhb é graifítí i roinnt spásanna poiblí</u>	<u>46</u>
<u>Fíor 52: Tá go leor saoráidí pobail timpeallaithe ag fála</u>	<u>47</u>
<u>Fíor 53: Gnéithe dúshlánacha a bhaineann le mothú sábháilte</u>	<u>47</u>



Brollach

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do phobail chuimsitheacha, bheoga agus inbhuanaithe a thógáil ar fud ár gcontae. Léirítear an tiomantas seo sa taighde agus sa rannpháirtíocht fairsing a rinneadh sa Chorr Dhubh le linn 2025, a léiríonn cloch mhíle shuntasach inár gcur chuige maidir le forbairt pobail agus déantús áite.

Is pobal é an Chorr Dhubh, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath 15 a bhfuil fréamhacha doimhne agus féiniúlacht láidir aige ach atá ag an am céanna ag déileáil le dúshlán shocheacnamaíocha leanúnacha. In ainneoin go bhfuil Fine Gall ar cheann de na ceantair údaráis áitiúil is saibhre in Éirinn, tá an Chorr Dhubh i measc na gceantar is mó atá faoi mhíbhuntáiste go náisiúnta. Agus é seo á aithint aici, roghnaigh Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall an Chorr Dhubh mar an chéad láthair le haghaidh feidhmiú céimneach Uirlis an Chaighdeán Áite, creat rannpháirtíochta atá deartha chun guth a thabhairt do chónaitheoirí áitiúla agus a chinntiú go bhfuil taithí saoil mar bhonn eolais ag pleanáil agus forbairt.

Soláthraíonn na trí thuarascáil a chuirtear i láthair anseo; próifíl shocheacnamaíoch mhionsonraithe, torthaí ón rannpháirtíocht sa Chaighdeán Áite, agus achoimre ar phríomhghníomhartha agus ar phríomhthosaíochtaí bunús fianaisebhunaithe do phleanáil amach anseo. Leagann siad béim ar na láidreachtaí iomadúla atá ag an gCorr Dhubh: a spiorad pobail eisceachtúil, líonraí láidre deonacha, agus áiseanna luachacha ar nós Club Peile na Coirre Duibhe agus spásanna glasa áitiúla. Ag an am céanna, aithníonn siad dúshlán chriticiúla, lena n-áirítear imní sábháilteachta, easnaimh infrastruchtúir, agus easpa áiseanna do dhaoine óga agus do chónaitheoirí níos sine.

Is é ár n-uaimhmhian don Chorr Dhubh agus do gach pobal i bhFine Gall áiteanna a chruthú ina mbraitheann daoine sábháilte, nasctha agus cumhachtaithe; ina bhfuil spásanna poiblí inrochtana agus fáilteach; agus ina bhfuil deiseanna oideachais, fostaíochta agus fóillíochta ar fáil do chách. Chun an fhís seo a bhaint amach teastaíonn comhpháirtíocht idir cónaitheoirí, grúpaí pobail, ionadaithe tofa, gníomhaireachtaí reachtúla, agus Comhairle Contae Fhine Gall. Tugann an fhianaise agus na moltaí atá sna tuarascálacha seo treochlár don iarracht chomhoibritheach sin.


Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas phobal na Coirre Duibhe, a bhfuil a nguthanna agus a léargais tar éis an obair seo a mhúnlú, agus do thiomantas fhoireann agus eagraíochtaí comhpháirtíochta Chomhairle Contae Fhine Gall a thacaigh leis an bpróiseas seo. Le chéile, is féidir linn tógáil ar láidreachtaí na Coirre Duibhe, aghaidh a thabhairt ar a dhúshlán, agus a chinntiú go mbeidh sé ina shamhail d'fhorbairt pobail chuimsitheach, athléimneach agus inbhuanaithe atá ailínithe go hiomlán le prionsabail Phlean Forbartha Contae Fhine Gall.

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Fhine Gall

Buíochas

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leo siúd go léir a ghlac páirt sa phróiseas rannpháirtíochta, lena n-áirítear na Ceardlanna, na Comhairliúcháin Siúil agus Cainte, agus gníomhaíochtaí Uirlis an Chaighdeáin Áite. Neartaíodh an obair seo go mór le rannpháirtíocht cónaitheoirí áitiúla, daoine óga, oibrithe deonacha pobail, eagraíochtaí áitiúla, agus réimse comhpháirtithe pobail agus gníomhaireachtaí stáit a thug a gcuid ama, léargais agus taithí saoil go fial flaithiúil. Is mian linn aitheantas a thabhairt freisin do chomhoibriú agus do thacaíocht na foirne ar fud iliomad ranna laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall, a raibh ról tábhachtach ag a saineolas agus a dtiomantas le linn an phróisis.

Chruthaigh do chomh-rannpháirtíocht bunús láidir don dul chun cinn dearfach agus don chomhoibriú amach anseo laistigh den phobal.



**COMMUNITY
DEVELOPMENT
& INCLUSION**
Making a Difference

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



Liosta Acrainmneacha

IFS	Iompraíocht Fhrithshóisialta
PFC	Plean Forbartha Contae (Plean Forbartha Chontae Fhine Gall 2023-2029)
BP	Bonneagar Pobail (Criosú Úsáid Talún)
TCI	Teilifís Ciorcaid Iata
LDBSU	Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
CCFG	Comhairle Contae Fhine Gall
CP	Club Peile (CP na Coirre Duibhe)
DG	Dochtúir Ginearálta
AT	Ardteicneolaíocht (Criosú Úsáid Talún)
IA	Ionad Áitiúil (Criosú Úsáid Talún)
CFPA	An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
PAEP	Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PAEP Fhine Gall 2023-2028)
PSLC	Plean Straitéiseach an Limistéir Chathrach
INU	An tIonad Náisiúnta Uisce
CNP	An Creat Náisiúnta Pleanála (Éire 2040)
CBN	Cuspóir Beartais Náisiúnta (laistigh den CNP)
UNI	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
SO	Spás Oscailte (Criosú Úsáid Talún)
SC	Spás Cónaithe (Criosú Úsáide Talún)
SRSE	Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre)
CDI	Córais Draenála Inbhuanaithe
TD	Teachta Dála
LBT	(Polasaí) Lár an Bhaile ar dTús
OT Bhaile Átha Cliath	Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
CNACDM	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

1. Déantús Áite sa Chorr Dhubh: Pobal Inbhuanaithe agus Athléimneach a Thógáil

1.1 Réamhrá

Tá Contae Fhine Gall ar cheann de na ceantair údaráis áitiúla is éagsúla agus is mó fáis in Éirinn, le daonra de 330,000 (Daonáireamh 2022). Tá daonra óg agus ilchultúrtha ann, agus tá pobail uirbeacha, fo-uirbeacha, peirea-uirbeacha agus tuaithe sa chontae - a éilíonn straitéisí agus idirghabhálacha forbartha pobail spriocdhírthe agus uilechuimsitheacha.

Tá sé de chúram ar Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall ceannaireacht, tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil a chuireann ar chumas grúpaí pobail, cónaitheoirí agus páirtithe leasmhara eile (lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhíse) páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil a bpobal


Tionscnamh faoi stiúir an phobail is ea an Uirlis um Chaighdeán Áite a d'úsáid Comhairle Contae Fhine Gall chun planáil chomhoibríoch agus faoi stiúir an phobail a chothú agus tacú léi. Is éard a bhí i gceist leis seo cuireadh a thabhairt do gach duine sa phobal áitiúil (An Chorr Dhubh, sa chás seo) - cónaitheoirí, soláthraithe seirbhíse áitiúla, agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta - páirt a ghlacadh agus a gcuid léargas a roinnt. Tacaíonn sé go sonrach le hiarrachtaí na comhairle pobail níos láidre, níos sláintiúla agus níos bríomhaire a thógáil ar fud Fhine Gall.

An Chorr Dhubh a roghnú mar an chéad áit i bhFine Gall don fheidhmiú céimneach ar an Uirlis um Chaighdeán Áite

Is pobal é An Chorr Dhubh, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath 15, a bhfuil fréamhacha doimhne agus féiniúlacht láidir áitiúil aige - ach ag an am céanna ag déileáil le dúshlán chasta agus leanúnacha. Aicmítear an Chorr Dhubh mar an áit is mó faoi mhíbhuntáiste laistigh de Fhine Gall. Déanann sé taifeadadh de scór -14.2 ar an *Innéacs Pobal HP um Saibhreas agus Bochtaineacht* (é a chur sa bhun 10% go náisiúnta i dtéarmaí coinníollacha socheacnamaíocha). Tá sé sin amhlaidh in ainneoin go bhfuil Fine Gall féin ar cheann de na ceantair údaráis áitiúla is saibhre in Éirinn.

Ba sa bhliain 2002 a rinneadh an móorthaighde deireanach sa Chorr Dhubh. Bhain feidhmiú céimneach na hUirlise um Chaighdeán Áite tairbhe, agus tionchar, as an gcaipiteal sóisialta áitiúil atá ann cheana féin a bhí tógtha ag oibrithe deonacha áitiúla thar na blianta fada. Neartaíodh caipiteal sóisialta áitiúil, dea-mhéin agus muinín freisin trí chomhoibrithe leanúnacha idir Comhairle Contae Fhine Gall, an pobal áitiúil agus Tascghrúpa na Coirre Duibhe. Le chéile, d'fhreagair siad seo raon saincheisteanna lena n-áirítear iompar frithshóisialta leanúnach sa cheantar, agus thug siad páirtithe leasmhara le chéile trí chur chuige comhpháirtíochta.

Fíor 1: Suíomh na Coirre Duibhe



Foinse: Tailte Éireann

Roghnaigh Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall an Chorr Dhubh mar an chéad suíomh do fheidhmiú céimneach na Uirlise um Chaighdeán Áite. Cinneadh straitéiseach agus bunaithe ar luachanna a bhí anseo a léiríonn tiomantas na comhairle do phleanáil chuimsitheach, do chumhachtú pobail, agus do thacaíocht spriocdhírthe do na ceantair is mó atá i ngátar. Tá sé ag teacht freisin le sainaitheint Chomhairle Contae Fhine Gall ar an gCorr Dhubh mar réimse tosaíochta do chuimsiú sóisialta, d'fhorbairt phobail, agus d'infheistíocht acmhainní coimhdeacha faoin *bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2023-2028* (PAEP) agus faoin *bPlean Straitéiseach um Fhorbairt Pobail 2025- 2029*. Ina theannta sin, tacaíonn feidhmiú céimneach na Uirlise um Chaighdeán Áite le sainchúram níos leithne Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall, foirmiú agus forbairt grúpaí pobail a chur chun cinn, saorálaíochas gníomhach a spreagadh, agus rannpháirtíocht shibhialta a chothú. Cuireann sé freisin le cumas na hOifige oibriú ar fud ranna comhairle agus le gníomhaireachtaí seachtracha - cláir phobail a chomhordú agus straitéisí náisiúnta agus áitiúla a sheachadadh.

Mar gheall ar fheidhmiú céimneach dinimiciúil na Uirlise um Chaighdeán Áite , tá an Chorr Dhubh chun tosaigh, laistigh den chontae, ó thaobh caipiteal sóisialta agus cumhachtú cónaitheoirí a chur chun cinn. Ní modh pleanála amháin atá san Uirlis um Chaighdeán Áite - spreagann sé comhráite, is ardán comhoibrithe agus uirlis tógála pobail é atá bunaithe ar an aitheantas go gcaithfidh guthanna chónaitheoirí na Coirre Duibhe a bheith lárnach i ndéantús áite. Cuidíonn an uirlis le comhráite fiúntacha a éascú faoi na rudaí a fhágann go mbíonn rath ar áit agus na háiteanna a bhfuil gá le feabhsuithe. Is céim réamhghníomhach í i dtreo cur chuige níos cuimsithí agus níos freagrúla a mhúnlú i leith forbairt áitiúil. Tugann sé cónaitheoirí, grúpaí pobail agus gairmithe le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe fisiciúla, comhshaoil agus sóisialta a mhúnláíonn ár saol laethúil - idir thithíocht, iompar agus spásanna glasa, agus shábháilteacht, dheiseanna sóisialta agus fholláine.

Fíor 2: Lorg geografach na Coirre Duibhe



Foinse: Tailte Éireann

Dearadh cur i bhfeidhm na hUirlise um Chaighdeán Áite sa Chorr Dhubh chun guth a thabhairt do phobal níos leithne na Coirre Duibhe, pobal a eisiatar go minic ó phleanáil agus ó fhorbairt phríomhshrutha. Mar a leagtar amach sa chuid modheolaíochta den tuarascáil seo, bhain Comhairle Contae Fhine Gall úsáid as suirbhéanna cainníochtúla, agallaimh cháilíochtúla, agus grúpaí fócais chun riachtanais a mheas agus bearnaí agus forbairtí féideartha a aithint i roinnt réimsí lena n-áirítear sábháilteacht, sláinte, oideachas, an comhshaol, agus deis eacnamaíoch.

Fíor 3: Na trí aschur a eascraíonn as feidhmiú céimneach Uirlis an Chaighdeán Áite sa Chorr Dhubh


Tá trí aschur ar leith mar thoradh ar fheidhmiú céimneach na Uirlise um Chaighdeán Áite (féach Fíor 1 le haghaidh léiriú scéimreach orthu seo). Is iad seo a leanas iad:

1. **Próifíl Shocheacnamaíoch na Coirre Duibhe**, cothrom le dáta a ullmhú (ag baint úsáide as sonraí Dhaonáireamh 2022). Mar chuid den phróiseas chun an Uirlis um Chaighdeán Áite a fheidhmiú go céimneach, rinne Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall an cinneadh próifíl shocheacnamaíoch cothrom le dáta den cheantar a choimisiúnú, ag baint úsáide as sonraí Dhaonáireamh 2022. Ba iad seo a leanas cuspóirí na próifíle seo:
 - Tuiscint níos fearr a fháil ar dhálaí áitiúla trí fhorléargas cuimsitheach a chur i láthair ar shaintréithe déimeagrafacha, eacnamaíocha, oideachais, sláinte agus sóisialta na Coirre Duibhe;
 - Leochaileachtaí agus deiseanna a shainaithint trí aird a tharraingt ar éagothromaíochtaí, ar dhaonraí atá ar an ngannchuid, chomh maith le suíomhanna a d'fhéadfadh fás nó infheistíocht a dhéanamh; agus
 - Tacú le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe níos leithne agus pleanáil straitéiseach chomhtháite trí na próisis seo a bhunú i sonraí réadacha agus cothrom le dáta.

2. **Feidhmiú céimneach na Uirlise um Chaighdeán Áite sa Chorr Dhubh:** Rinneadh an próiseas sin agus na torthaí a tháinig as sin a dhoiciméadú i dtuarascáil a coimisiúnaíodh go speisialta dar teideal ‘Torthaí a tháinig chun cinn ó fheidhmiú céimneach Uirlis an Chaighdeáin Áite 2025’ i.e., an tuarascáil seo. Cuireann sé na príomhthorthaí a d’eascair as riaradh na gceistneoirí Caighdeán Áite agus comhairliúcháin eile i láthair, agus tugann sé léiriú ar eispéiris mhaireachtála na gcónaitheoirí áitiúla. Aithníonn siad agus léiríonn siad príomhthosaíochtaí áitiúla. Gabhann torthaí ó chur i bhfeidhm na sraithe straitéisí sonraí cáilíochtúla an-úsáideach freisin a dhéanann na sonraí cainníochtúla atá doiciméadaithe sa Phróifíl Shocheacnamaíoch a shaibhriú agus a chomhlánú. Cuireann an dá shnáithe luach leis an bhfaisnéis eile atá bailithe agus comhthiomsaithe, ag Comhairle Contae Fhine Gall, trí rannpháirtíochtaí áitiúla eile ar nós imeacht ‘Siúil-agus-Labhair’ agus ceardlanna cruthaitheacha.

3. **Doiciméad achomair:** Bhí fonn ar Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall a chinntiú go mbeadh na torthaí a thagann chun cinn ón bPróifíl Shocheacnamaíoch agus feidhmiú céimneach na Uirlise um Chaighdeán Áite sa Chorr Dhubh ar fáil go forleathan i bhformáid inrochtana agus éasca le húsáid. Dá bhrí sin, d’iarr siad ar na comhairleoirí tuarascáil achomair a ullmhú. Tá an tuarascáil seo an-úsáideach, agus is féidir leis na páirtithe leasmhara go léir í a úsáid, lena n-áirítear lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí, rialtas áitiúil, gnólachtaí agus an pobal i gcoitinne. Sonraítear ann freisin go gonta conas a bailíodh agus a úsáideadh na sonraí, agus ar an gcaoi sin creidiúnacht agus iontaobh a threisiú, agus bém a leagan ar na príomhthorthaí agus na príomhréimsí ina bhfuil gá le gníomhaíocht.

Fíor 3: Na trí aschur a eascraíonn as feidhmiú céimneach Uirlis an Chaighdeáin Áite sa Chorr Dhubh



Breathnaítear i gCuid a hAon den tuarascáil seo ar dhéantús áite, agus tugtar breac-chuntas inti ar na príomhphrionsabail a bhaineann léi. Leagann sé béim ar an bhfíric nach mbaineann déantús áite le réitigh a chur i bhfeidhm ón mbarr anuas ach le leas a bhaint as eolas agus fuinneamh áitiúil chun pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe a thógáil ón mbun aníos.

Sonraítear i gCuid a Dó na torthaí a d'eascair as cur i bhfeidhm as an tsuirbhé um Chaighdeán Áite agus na n -agallamh siúlóide a thug Comhairle Contae Fhine Gall fúthu a Chorr Dhubh in 2025. Trí na meicníochtaí seo, d'aithin freagróirí suirbhé agus agallaithe láidreachtaí ollmhóra na Coirre Duibhe: a spiorad pobail dochreidte, an bród agus an tsábháilteacht a sholáthraíonn crainn thaca cosúil le Club Peile na Coirre Duibhe (CP), dúthracht grúpaí deonacha, agus luach a spásanna glasa. Roinn rannpháirtithe an tsuirbhé agus na hagallaithe na dúshlán shuntasacha freisin: imní maidir le sábháilteacht agus iompar frithshóisialta, easpa criticiúil áiseanna do dhaoine óga agus do chónaitheoirí níos sine, saincheisteanna maidir le cothabháil agus réadmhaoin fholamh, agus deacrachtaí le hiompar agus inrochtaineacht.

Críochnaítear an tuarascáil, i Roinn a Trí, trí bhreithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí do phleanáil agus do dhéantús áite sa Chorr Dhubh - bunaithe ar na creataí agus na pleananna reachtúla reatha agus ar an bhfianaise atá ag teacht chun cinn ó chomhairliúcháin maidir le Caighdeán Áite. Ní mór na himpleachtaí sin a mheas freisin i bhfianaise phróifíl dhéimeagrafach agus shocheacnamaíoch na Coirre Duibhe (mar a chuirtear i láthair sa tuarascáil a ghabhann leis).

1.2 Déantús Áite

Tá déantús áite tagtha chun cinn mar chur chuige a éascaíonn rannpháirtíocht an phobail, a bhaineann leas as saineolas teicniúil, a chuireann obair chomhpháirtíochta chun cinn agus a chumasaíonn forbairtí saincheaptha atá ag teacht le riachtanais agus acmhainneachtaí áitiúla. Cuireann déantús áite cur chuige comhoibritheach ar fáil maidir le spásanna poiblí a phleanáil, a dhearadh agus a bhainistiú. Is í an ealaín agus an eolaíocht a bhaineann le áit a chasadh - sráid, páirc, eastát tithíochta, cearnóg sráidbhaile - isteach go háit rathúil le croí agus anam, áit a dteastaíonn ó dhaoine dáiríre cónaí, oibriú, agus a gcuid ama a chaitheamh. Gluaiseann sé níos faide ná an tsamhail thraidisiúnta de thionscadal forbartha fisiciúla ó bharr anuas agus ina ionad sin cuireann sé an pobal i gcroílár an phróisis. Ní hé "Cad is féidir linn a thógáil anseo?" an phríomhcheist a bhaineann le déantús áite ach, "Cad atá de dhíth ar an bpobal seo chun go mbeidh an spás seo ina chroí bríomhar, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach?"

Tarraingíonn déantús áite ar eolas agus ar mhianta dhaoine áitiúla chun spásanna a chruthú atá ní hamháin feidhmiúil agus tarraingteach ach atá cuimsitheach go sóisialta, bríomhar ó thaobh cultúir de, athléimneach ó thaobh an gheilleagair de, agus athchóiritheach ó thaobh na héiceolaíochta de. Aithníonn fiordhéantús áite gurb iad na saineolaithe is fearr ar áit ná na daoine a úsáideann é gach lá. Mar a deir Cara Courage,

"An rud atá difriúil faoi dhéantús áite ó earnálacha timpeallachta tógtha eile, agus ar cheart go mbeadh sé lárnach in aon tuiscint nó sainmhíniú air, ná gur cur chuige agus sraith uirlisí é déantús áite a chuireann an pobal chun tosaigh agus i lár an aonaigh le cinneadh a dhéanamh ar an gcuma atá ar a n-áit agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn sí. Tá riachtanas pobail i ndéantús áite."

Cé go bhfuil go leor samplaí de dhea-chleachtas ann maidir le pleanáil ón mbun aníos in Éirinn, de bharr nádúr láraithe chórais phleanála agus pholaitiúla na hÉireann, éilítear ar údaráis agus ar phobail áitiúla a

bheith thar a bheith teanntásach agus tiomanta i gcur chun cinn na pleanála agus déantús áite atá faoi stiúir an phobail. Cé go bhfuil an próiseas faoi stiúir an phobail, ní mór dó leas a bhaint as saineolas, fios gnó, scileanna agus acmhainní ón mbarr síos – comhlachtaí reachtúla agus rialtas áitiúil san áireamh. Ag tarraingt ar thaithí fairsing idirnáisiúnta, áitíonn Alpalhão *gur chóir go mbeadh pleanáil “ina comhiarracht ag an gcomhchoiteann daoine aonair, eagraíochtaí agus an bardas mar an comhlacht rialtais ionadaíoch. Caithfidh siad seo ar fad a bheith ar na rannpháirtithe, lucht déanta a gcathracha .”*

Príomhphrionsabail maidir le Déantús Áite

Tá déantús áite á threorú ag roinnt príomhphrionsabal:

1. **Faoi Stiúir an Phobail:** Seo í an bhunchloch. Tosaíonn an próiseas trí éisteacht leis an bpobal trí uirlisí tarraingteacha amhail ceardlanna, suirbhéanna, agus ‘agallaimh siúil.’ Spreagann fíis an phobail an clár oibre, ag cinntiú go léiríonn torthaí riachtanais agus féiniúlacht áitiúil. Soláthraíonn úsáid na hUirlise um Chaighdeán Áite (mar atá déanta anseo cheana féin sa Chorr Dhubh) bealach amháin chun an pobal áitiúil a mhealladh.
2. **Á threorú ag an Áit, ní ag Tionscadal:** In ionad dearadh caighdeánaithe a chur i bhfeidhm, freagraíonn déantús áite d’fhéiniúlacht uathúil, do stair, agus do shócmhainní nádúrtha áite ar leith. Fiafraíonn sé céard atá speisialta faoin eastát seo, faoin tsráid seo, nó faoin mbaile seo agus féachann sé lena fheabhsú.
3. **Comhoibriú:** Tugann sé grúpa éagsúil páirtithe leasmhara le chéile: cónaitheoirí, gnólachtaí áitiúla, grúpaí pobail, saineolaithe comhshaoil, údarais áitiúla, agus forbróirí. Cinntíonn sé seo gcuirtear gach dearcadh san áireamh. Ní mór do pháirtithe leasmhara oibriú ar bhonn comhpháirtíochta.
4. **Fócas ar an Spás Poiblí:** Tugann sé tús áite do chaighdeán an réimse phoiblí - páirceanna, cosáin, cearnóga, agus conairí glasa. Is é an sprioc timpeallachtaí sábháilte, inrochtana agus fáiltiúla a chruthú a spreagann idirghníomhaíocht shóisialta agus nasc leis an dúlra.
5. **Ilghnéitheach:** Fíonn dea-dhéantús áite iliomad snáitheanna le chéile:
 - **Sóisialta:** An spreagann an spás nasc pobail?
 - **Fisiciúil:** An bhfuil sé dea-chothaithe agus inrochtana do chách?
 - **Eacnamaíoch:** An dtacaíonn sé le fiontraíocht áitiúil agus le geilleagair chiorclacha?
 - **Comhshaoil:** An bhfeabhsaíonn sé bithéagsúlacht, an ndéanann sé uisce a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus an maolaíonn sé an t-athrú aeráide?
6. **Inathraitheach agus Inoiriúnaithe:** Is próiseas leanúnach é. Tosaíonn sé go minic le feabhsuithe beaga, ar chostas íseal, tapa chun dul chun cinn a léiriú agus neart a bhailiú, rud a fhágann athruithe níos mó, fadtéarmacha.

Is éard atá i gceist le pleanáil agus dearadh rannpháirtíochta dhéantús áite i dtéarmaí praiticiúla ná ceardlanna a óstáil, na healaíona a úsáid (m.sh., drámaíocht, ceardaíocht, tionscadal staire béil srl), agus uirlisí mapála idirghníomhacha a úsáid chun eolas áitiúil a bhailiú agus réitigh a chomhdhearadh. Tugann déantús áite deis dul níos faide ná an ‘seandream céanna’ mar a thugtar orthu agus éisteacht le pobail ‘níos deacra teacht orthu’ mar a thugtar orthu. Ní mór do chleachtóirí tacaíochtaí for-rochtana spriocdhírthe a chinntiú, lena n-áirítear seirbhísí cúram leanaí agus aistriúcháin, agus cruinnithe a reáchtáil in ionaid inrochtana, neodracha lena chinntiú go n-éistear lena nguthanna agus go bhfuil meas orthu. Feicimid fianaise ar an gcur chuige seo i mBaile Átha Cliath. Mar shampla, d’éirigh leis an tionscadal *Grey to Green* i Saoirsí Bhaile Átha Cliath comhdhearadh a úsáid chun láithreáin thréigthe a athrú go gairdíní pobail (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2021). Go criticiúil, ní mór do na próisis seo páirt a thabhairt go réamhghníomhach le grúpaí imeallaithe - lena n-áirítear imircigh, an Lucht Siúil, agus daoine faoi mhíchumas.

Tá na healaíona agus na modhanna cruthaitheacha an-chumhachtach chun rannpháirtíocht a chumasú. Baineann tionscnaimh cosúil le *In Our Shoes* i mBaile Munna úsáid as scéalaíocht agus scannán chun scéalta pobail a ghabháil, agus is féidir le tionscadail ealaíne poiblí agus suiteálacha sealadacha, amhail iad siúd a fhaigheann tacaíocht ó *Straitéis Ealaíon agus Rannpháirtíochta* Chomhairle Ealaíon na hÉireann, spásanna tearcúsáidte a ghníomhachtú agus idirphlé a spreagadh. Tá roinnt pobal ar fud na hÉireann, lena n-áirítear Baile Brigín, ag cur déantús áite chun cinn faoi láthair trí Thionscnamh *Cumas Ceantar* na Comhairle Ealaíon. Tá an cineál cur chuige seo úsáideach chun rannpháirtíocht a dhéanamh níos inrochtana dóibh siúd nach mbeadh ag glacadh páirte i gcruinnithe pleanála traidisiúnta. I ndeireadh na dála, éilíonn déantús rathúil áite tiomantas fadtéarmach do chomhpháirtíocht, ag meascadh saineolas áitiúil le heolas gairmiúil. Trí thosaíocht a thabhairt don uileghabhálacht agus don chruthaitheacht, is féidir le pobail a dtimpeallacht a mhúnlú le chéile, agus mothú muintearais agus féiniúlachta níos láidre a chothú.

Déantús Áite, an Éigeandáil Aeráide, agus Caillteanas Bithéagsúlachta

I gcomhthéacs na héigeandála aeráide agus na géarchéime bithéagsúlachta, tá forbairt tagtha ar dhéantús áite ó straitéis "deas le bheith ann" go straitéis riachtanach. Is uirlis phraiticiúil í chun athléimneacht aeráide agus athchóiriú éiceolaíoch a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil. Tá déantús áite nua-aimseartha glas go bunúsach agus ní mór:

- **Bithéagsúlacht Nádúrtha a Chur Chun Cinn:** Is éard atá i gceist leis seo ná bogadh níos faide ná plandáil ornáideach go dtí móineir bláthanna fiáine dúchasacha, conairí atá oiriúnach do phailneoirí, ceannbhrait crann le haghaidh scáth, agus gnáthóga fiadhúlra a chruthú laistigh de cheantair uirbeacha. Ní hamháin go dtacaíonn sé seo le speicis atá ag streachailt ach feabhsaíonn sé nasc na gcónaitheoirí leis an dúlra agus feabhsaíonn sé folláine mheabhrach.
- **Draenáil Inbhuanaithe (CDI) a chur i bhfeidhm:** Is féidir le tionscadail déantús áite réitigh nádúrtha a chomhtháthú chun uisce stoirme a bhainistiú, mar shampla gairdíní báistí, claiseanna reatha, agus pábháil thréscailteach. Laghdaíonn sé seo riosca tuilte, scagann sé truailleáin, agus athlínann sé screamhuisce, rud a fhágann go bhfuil limistéir níos athléimní i gcoinne imeachtaí adhaimsire.
- **Maireachtáil Ísealcharbóin a Chumasú:** Trí chomharsanachtaí beoga, insiúlta agus rotharbhácha a chruthú le rochtain éasca ar áiseanna agus ar iompar poiblí, laghdaíonn áite áite spleáchas díreach ar ghluaisteáin phríobháideacha. Laghdaíonn sé seo astuithe gáis ceaptha teasa agus feabhsaíonn sé cáilíocht an aeir.
- **Seasmhacht Aeráide a Thógáil:** Is féidir le dearadh tuisceanach an éifeacht 'Oileán Teasa Uirbeach' a mhaolú trí spásanna glasa agus scáth, fuarú nádúrtha a sholáthar, agus ábhair atá inbhuanaithe agus seasmach i leith patrúin aimsire atá ag athrú a úsáid.

Le fiche bliain anuas, tháinig athrú de réir a chéile, i measc údaráis áitiúla na hÉireann, ó bheith ina rialtóirí traidisiúnta ina n-éascaitheoirí comhshaoil, ag cumasú tionscnaimh ghlasa faoi stiúir an phobail agus beartais náisiúnta aeráide á gcur i bhfeidhm ag an am céanna. Comhordaíonn comhairlí cláir chomhshaoil anois a léiríonn conas a fhorbraíonn gníomhaíocht chomhshaoil éifeachtach trí nuálaíocht áitiúil agus rannpháirtíocht an phobail. Soláthraíonn na tionscadail atá le feiceáil i bhfadliosta na n-*Áiteanna is Glaise in Éirinn 2025* fianaise shoiléir ar an aistriú seo, agus leagann siad béim ar na fiúntais a bhaineann le cur chuige comhpháirtíochta a chinntiú i leith déantús áite ina bhfuil cúrsaí bithéagsúlachta agus seasmhachta aeráide chun tosaigh.

Déantús Áite i mBeartas Poiblí na hÉireann

Cé go bhfuil córas pleanála na hÉireann láraithe agus go bhfuil leibhéal níos ísle neamhspleáchais ag an rialtas áitiúil ná mar atá i mballstáit eile an AE, tá éiteas maidir le déantús áite ag éirí níos leabaithe go

mall i mbeartas poiblí na hÉireann. Tá an tiomantas seo curtha in iúl go soiléir in Éire 2040, an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP), a mholann cur chuige ‘déantús áite’ chun ‘fás dlúth’ a bhaint amach. Leagtar béim ann ar phobail bheoga, inmharthana a chruthú a bhfuil freastal maith ag áiseanna agus iompar poiblí orthu, rud atá bunúsach do shamhail forbartha náisiúnta inbhuanaithe.

Tá déantús áite lárnach do bheartas *Lár an Bhaile ar dtús* (LBT) an rialtais. Tá sé mar aidhm ag LBT dul i ngleic le folús, dul i ngleic le dearóiliú, agus saol nua a análú isteach i lár ár mbailte. Foráiltear leis an mbeartas LBT do bhunú Foirne Baile – comhpháirtíochtaí ilpháirtithe leasmhara, agus cruthaíonn sé próisis trínar féidir le pleananna lár an bhaile ar dtús- a bheith mar chuid de phleananna ceantair áitiúil agus pleananna reachtúla eile agus mar bhonn eolais acu, rud a chinntíonn cur chuige ón mbun aníos maidir le ceapadh pleananna agus ceapadh beartas. **Tugtar breac-chuntas in larscríbhinn 1** ar na príomhphleananna reachtúla agus earnála atá ábhartha maidir le pleanáil spásúil agus déantús áite sa Chorr Dhubh.

An Fhothacaíocht Forbartha Pobail

Ag a chroílár, is ionann déantús áite agus forbairt pobail i mbun gnímh. Tá an próiseas féin chomh tábhachtach leis an toradh fisiciúil. Is gnéithe lárnacha de phróisis déanta áite iad seo a leanas:

- Caipiteal Sóisialta a Thógáil: Cothaíonn an próiseas comhoibritheach caidrimh, iontaobh agus líonraí laistigh de phobal. Nuair a chomhdhearann daoine a dtimpeallacht, forbraíonn siad mothú níos láidre ar éifeachtúlacht chomhchoiteann - an creideamh gur féidir leo oibriú le chéile chun comhspríocanna a bhaint amach, idir ghairdín pobail a bhainistiú agus tacú le seirbhísí níos fearr.
- Cumhachtú agus Úinéireacht: Trí luach a chur ar eolas áitiúil, tugann áite áite cumhacht do chónaitheoirí agus tugann sé fíor-láimh dóibh ina gceantar. Mar thoradh air seo tá spásanna ann a úsáidtear níos fearr, a dtugtar aire níos fearr dóibh, agus atá níos seasmhaí san fhadtéarma.
- Réiteach Comhtháite Fadhbanna: Tuigeann déantús áite go bhfuil dúshlán amhail dearóiliú, iompar frithshóisialta, agus leochaileacht aeráide idirnasctha. Tugann sé aghaidh ar shaincheisteanna sóisialta agus comhshaoil le chéile, ag cruthú gairdín pobail, cuir i gcás, a sholáthraíonn bia, a chothaíonn nasc sóisialta, a bhainistíonn uisce báistí, agus a chuireann borradh faoin mbithéagsúlacht.

Úsáideann an cur chuige forbartha seo modhanna amhail idirphlé éascaithe, iniúchtaí pobail, agus ceardlanna comhroinnte scileanna chun leas a bhaint as eolas agus sócmhainní áitiúla. Ní hé ról na ngníomhaireachtaí seachtracha - lena n-áirítear údaráis áitiúla agus comhlachtaí reachtúla - a ordú ach a chumasú. Cuireann siad na hacmhainní, an tacaíocht theicniúil, agus an creat ar fáil do phobail chun a bhfís féin a chur chun cinn. Agus é ag tarraingt ar a thaithí i Maigh Cuilinn, breathnaíonn Collins, “De réir mar a bhogann Éire isteach sa dara haois mar stát neamhspleách, caithfidh sí anois tús a chur le muinín a bheith aici i muintir áite chun cinniúint na háite sin a údarú... Cuidíonn próiseas comhairliúcháin simplí leathan le heolas ar thaithí saoil in áit agus ar áit a dhíghlasáil, léiríonn scagadh na nguthanna sin mar a baineadh amach trí thionscadal phlean an tsráidbhaile an sean-nathán go bhfuil ‘gaois sna sluaite.’

I ndeireadh na dála, nuair is í forbairt pobail inneall dhéantús áite, tá na torthaí i bhfad níos inbhuanaithe agus níos bríomhaire. Ní spás atá deartha níos fearr amháin atá sa toradh, ach pobal níos athléimní, níos nasctha agus níos cumhachtaí atá in ann a thimpeallacht a mhaoirsiú i bhfad tar éis don tionscadal tosaigh a bheith críochnaithe. Ní hamháin go bhfuil an pobal lonnaithe san áit; tá sé múnlaíthe go gníomhach aige, rud a léiríonn a fhéiniúlacht uathúil agus a chothaíonn folláine shóisialta as cuimse.

2. Braistintí faoi Áite

Ní mór do dhaoine áitiúla a bheith mar phríomhthiománaithe dhéantús áite. Tá sé riachtanach, mar sin, dul i gcomhairle le cónaitheoirí áitiúla agus a gcuid tuairimí agus moltaí a fháil agus iad ag pleanáil d'fhorbairt ceantair. Tá an uirlis um Chaighdeán Áite ar cheann de na huirlisí is féidir a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le pobail agus dul i gcomhairle leo. Cuirtear i láthair sa chuid seo na torthaí ó shuirbhé ar Chaighdeán Áite a bhí á riar sa Chorr Dhubh in earrach 2025. Soláthraíonn na torthaí comharthaí sóirt úsáideacha don phobal, do Chomhairle Contae Fhine Gall agus do pháirtithe leasmhara áitiúla eile.


2.1 Uirlis an Chaighdeáin Áite

Uirlis shimplí is ea an uirlis um Chaighdeán Áite a forbraíodh in Albain chun cabhrú le pobail, le heagraíochtaí, agus le húdaráis áitiúla áiteanna ina gcónaíonn, ina n-oibríonn agus ina gcaitheann daoine am a mheas agus a fheabhsú. Aithnítear go forleathan é mar uirlis éifeachtach a chuireann teanga choiteann ar fáil do phobail agus do phleanálaithe chun áiteanna a mheas. Forbraíodh é ó bheartais sláinte agus timpeallachta tógtha agus ceapadh é chun an bhearna idir na hearnálacha sin a líonadh. Tá an uirlis bunaithe ar mhúnla loighce de chinntithigh sláinte, ag scrúdú conas a mhúnlaíonn tiománaithe straitéiseacha, timpeallachtaí fisiceacha, agus eispéiris aonair le chéile folláine agus 'mothú comhleanúnachais '. Is é an buntáiste atá aige ná go dtugann sé "aird ar thiománaithe straitéiseacha bunúsacha amhail an pholaitíocht, gnásanna sochaíocha; na timpeallachtaí trína mbíonn taithí ag daoine ar a saol; ó áiteanna foirmiúla cosúil leis an scoil agus obair go suíomhanna neamhfhoirmiúla cosúil leis an taobh amuigh; agus ag an am céanna aithníonn sé freisin conas is féidir eispéiris aonair a mhúnlú trí dhearadh na timpeallachta tógtha agus soláthar seirbhíse."

Bhain Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall úsáid as an Uirlis um Chaighdeán Áite sa Chorr Dhubh. Cuireann an uirlis seo ar chumas cónaitheoirí áitiúla comhrá struchtúrtha a bheith acu faoina bpobal – eispéiris a ghabháil, peirspictíochtaí a dhoiciméadú, riachtanais agus acmhainneacht a bhunú, agus tosaíochtaí a aithint. Agus an Uirlis um Chaighdeán Áite á úsáid aici, rinne Comhairle Contae Fhine Gall iarracht éifeacht a thabhairt dá gealltanais maidir le rannpháirtíocht, cuimsiú, inrochtaineacht agus comhoibriú an phobail.

Go praiticiúil, úsáidtear an Uirlis um Chaighdeán Áite chun bonn eolais a chur faoi cheistneoir. Tá ceithre cheist déag ar a laghad san áireamh – comhfhreagraíonn gach ceann acu do na téamaí atá liostaithe sa léaráid thíos (ag bogadh timpeall, iompar poiblí srl.). Léiríonn an figiúr seo a leanas (Fíor 2) freisin gur féidir le húsáideoirí gach téama a rátáil (nó a scóráil) ar scála ó 0 go 7 (náid = an-lag, go seacht = an-sásúil). Ina theannta sin, cuirtear spásanna saorthéacs ar fáil dóibh inar féidir leo barúlacha, tuairimí agus moltaí a thabhairt. De ghnáth, déantar na freagraí a chomhthiomsú tríd an meánscór (meán) a ríomh do gach ceann acu agus trí na barúlacha ó fhreagróirí a chomhthiomsú.

Fíor 4: Toisí an Chaighdeáin Áite



Is féidir torthaí an tsuirbhé a úsáid chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht, ach is gnách go n-úsáidtear iad chun tacú le comhráite a spreagann rannpháirtíocht saoránach, obair chomhpháirtíochta agus comhthuiscintí maidir le riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla. Oibríonn páirtithe leasmhara, lena n-áirítear cónaitheoirí áitiúla agus comhairlí, le chéile agus téann siad tríd na scóranna a bhronntar ar cheantar i leith gach ceann de na ceithre thoise dhéag. Déanann siad athbhreithniú freisin ar bharúlacha na bhfreagróirí, agus áirithítear leis an bhfaisnéis sin (idir chainníochtúil agus cháilíochtúil) go ndéanfar cinntí níos eolasaí.

I gcás na Coirre Duibhe, baineadh úsáid as suirbhé na hUirlise um Chaighdeán Áite chun suirbhé a dhearadh agus ceardlanna comhairliúcháin a mhúnlú. Thug Comhairle Contae Fhine Gall faoi chomhairliúcháin chomhlántacha eile freisin.

Rannpháirtíocht an Phobail mar Bhunchloch sa Chorr Dhubh

Sular cuireadh tús le bailiú foirmiúil sonraí, d'oibrigh Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall chun muinín agus feasacht a chothú laistigh den phobal. Tugadh cuireadh do Thascghrúpa na Coirre Duibhe páirt a ghlacadh i gcomhráite luatha faoin Uirlis um Chaighdeán Áite.

Chabhraigh na rannpháirtíochtaí tosaigh seo le tuiscint chomhroinnte a chruthú agus rannpháirtíocht a spreagadh. Chuaigh na hoifigigh forbartha pobail, atá tiomanta don cheantar, i dteagmháil tuilleadh le ceannairí pobail d'fhonn rochtain a fháil ar an bpobal i gcoitinne. Bhí modhanna forbartha pobail éifeachtach chun guthanna pobail a chumasú chun teacht chun tosaigh, agus chuir siad líonrú áitiúil chun cinn.

Fíor 5: Tascghrúpa na Coirre Duibhe



I measc na ngníomhaíochtaí tosaigh rannpháirtíochta pobail bhí na nithe seo a leanas:

- Cruinnithe neamhfhoirmiúla agus for-rochtain do bhaill an phobail áitiúil, do sheirbhísí, d'eagraíochtaí agus do ghníomhaireachtaí;
- An tionscnamh a chur chun cinn trí líonraí pobail agus trí na meáin shóisialta; agus
- Comhordú le ceannairí, seirbhísí agus oibrithe deonacha áitiúla chun tacú le rannpháirtíocht.

Chinntigh an bhunobair seo gur freastalaíodh go maith ar na ceardlanna um Chaighdeán Áite, go raibh bailiú sonraí faisnéiseach, agus go raibh an rannpháirtíocht fiúntach, agus go léiríonn sé tuairimí, eispéiris agus tosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara áitiúla.

Chomh maith le teagmháil a dhéanamh le grúpaí pobail áitiúla agus le soláthraithe seirbhíse, bhain Comhairle Contae Fhine Gall úsáid as postálacha ar na meáin shóisialta agus as fógráin agus póstaer scaipthe, chun rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas a spreagadh agus a chur chun cinn.

Fíor 6: Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh i bpróiseas an Chaighdeán Áite

CORDUFF WE NEED YOUR VOICE!

CORDUFF COMMUNITY WELCOMES THE PLACE STANDARD TOOL LAST CALL!

THE COMMUNITY DEPARTMENT ARE COMPLETING THE FINAL PLACE STANDARDS WORKSHOP.

THIS IS YOUR CHANCE TO HAVE YOUR SAY AND TAKE PART!

WE'RE LOOKING FOR MORE RESIDENTS TO JOIN THE CONVERSATION AND HELP SHAPE THE FUTURE OF OUR COMMUNITY. YOUR EXPERIENCES AND IDEAS ARE ESSENTIAL TO ENSURING CORDUFF BECOMES AN EVEN BETTER PLACE TO LIVE, WORK, AND PLAY.

NEXT MEETING: THURSDAY, 8TH OF MAY 6:30 TO 8:30PM

LOCATION: CORDUFF COMMUNITY RESOURCE CENTRE

DON'T MISS THIS OPPORTUNITY TO MAKE A REAL DIFFERENCE!

TO GET INVOLVED CONTACT

LYNDA.CLARKE@FINGAL.IE OR LEAH.WALSH@FINGAL.IE FOR MORE INFORMATION ON HOW TO GET INVOLVED OR TO LEARN ABOUT UPCOMING WORKSHOPS.

Corduff is in a 12-week project using the Place Standard Tool to boost wellbeing. The initiative includes six workshops engaging residents, services and agencies to assess the community on 14 themes.

Project Overview:
The tool fosters discussions to identify strengths and areas for improvement, creating a shared vision. Four workshops have engaged over sixty participants so far.

Outcomes to Date:
Initial engagement has been positive, with residents actively sharing insights. This effort is building a foundation for data-driven plans to meet community needs and foster sustainability.

12 WEEKS 6 WORKSHOPS

THINK ABOUT YOUR PLACE AND YOUR FUTURE NOW!

14 THEMES

- Housing and community
- Social interaction
- Identity and Belonging
- Feeling safe
- Care and Maintenance
- Influence and sense of control
- Moving around
- Public Transport
- Traffic and parking
- Streets and spaces
- Natural space
- Play and recreation
- Facilities and services
- Work and local economy

Questions to ask yourself

- How does this place make me feel?
- What do I need to live my life?
- Can I access what I need locally?
- How could it be a better future?

We would like to thank participants for their engagements

Involvement from a diverse range of groups:

Corduff Football Club, (BCIL) Blanchardstown Centre For Independent Living, Corduff Board of Management and Resource Centre, Foróige, Rathdara CC, Evergreens, Women's Group, TU Dublin, Empower, Genesis, CE Scheme, Healthy Corduff, and Corduff Community Resource Centre, D15 Running Club, Corduff Sports Centre, Spectrum Kids.

Fingal County Council Department Collaborations

- Community Development
- Environment/Climate Action
- Healthy Fingal
- Disability Officer
- Sports Office
- Age Friendly
- Economic Development

ART Workshop: The Arts department are supporting with concurrent art workshops that have been running alongside the Place Standards Workshops. The Art place has proven beneficial, fostering open communication and encouraging community members to express their visions for Corduff.

D'oibrigh Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall i gcomhar le Foireann Cumarsáide na comhairle chun feasacht ar an gCaighdeán Áite a mhéadú agus chun an teachtaireacht a chur amach i measc páirtithe leasmhara.

An Caighdeán Áite sa Chorr Dhubh a Riaradh

Bhí dhá shnáithe chomhlántacha i gceist le riaradh an Chaighdeán Áite:

- Ceistneoirí maidir le Caighdeán Áite a Scaipeadh; agus
- Ceardlanna Éascaithe
- Seisiúin Siúil agus Cainte timpeall an phobail

Tugadh cuireadh do chónaitheoirí na Coirre Duibhe ceistneoirí struchtúrtha maidir le Caighdeán Áite a chomhlánú; cuireadh iad seo ar fáil i bhfoirm leabhrán. Thug an próiseas seo deis do dhaoine rátáil agus trácht a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla dá dtimpeallacht áitiúil. Ghabh na ceistneoirí dearchtaí pearsanta i bhformáid chomhsheasmhach, ag soláthar sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon ar na ceithre théama déag, a chlúdaíonn an Caighdeán Áite.

Ina theannta sin, d'éascaigh Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall ceardlanna pobalbhunaithe, thar thréimhse dhá sheachtain déag. I measc na gceardlann idirghníomhach seo bhí grúpaí pobail éagsúla, lena n-áirítear Club Peile na Coirre Duibhe, daoine breacaosta, an óige, grúpaí míchumais, oibríthe deonacha áitiúla, agus an pobal i gcoitinne. Chumasaigh an próiseas bailiú sonraí, forbairt acmhainní agus comhráite struchtúrtha faoi riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla.

Chuir Comhairle Contae Fhine Gall cur chuige cuimsitheach agus comhpháirtíochta chun cinn i leith na gceardlann; ina measc bhí cónaitheoirí áitiúla, grúpaí pobail, soláthraithe seirbhíse, ionadaithe tofa agus baill foirne ó roinnt ranna comhairle contae. I measc na ranna a bhí i láthair bhí: an Roinn Pobail; Taisteal Gníomhach; Na hEalaíona; Oibríochtaí; Páirceanna; Comhshaol; Spóirt; Forbairt Eacnamaíochta,

Aoisbháúil, Fine Gall Sláintiúil agus Cathracha Gníomhacha. 146 rannpháirtí san iomlán a bhí páirteach sa phróiseas seo. Aithnítear sa tábla seo a leanas na príomhpháirtithe leasmhara áitiúla.

Tábla 1: Rannpháirtithe i gCeardlanna maidir le Caighdeán Áite

Grúpa / cohórt	Rannpháirtithe
Club Peile na Coirre Duibhe	15 cóitseálaí, imreoirí, tuismitheoirí
Tascfhórsa do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas (CCFG)	17
Meánscoil Ráth Darra	16 mac léinn
Foireann Inmheánach agus Seirbhísí CCFG	21
Glao Oscailte don Pobal	16
Foróige (seisiún don óige)	15 (11-12 bliana d'aois)

Chomh maith leis na ceardlanna maidir le Caighdeán Áite, thionóil an chomhairle contae ceardlann ealaíne. Spreag na seisiúin seo go léir idirphlé oscailte agus machnamh comhchoiteann, agus chabhraigh siad le rannpháirtithe ábhair inní agus mianta comhroinnte a iniúchadh. Chabhraigh na ceardlanna freisin leis na sonraí a bailíodh trí na leabhráin/ceistneoirí a dhearbhu agus a chomhthéacsú. Taispeánann na grianghraif seo a leanas (Fíor 7) léargas ar rannpháirtíocht sna ceardlanna maidir le Caighdeán Áite.

Fíor 7: Páirtithe leasmhara rannpháirteach i gCeardlanna maidir le Caighdeán Áite



Siúlóid & Caint agus Rannpháirtíocht Chruthaitheach


Mar chuid dá rannpháirtíocht maidir le Caighdeán Áite sa Chorr Dhubh, d'úsáid Comhairle Contae Fhine Gall 'siúlóid agus caint' freisin chun bealach níos cuimsithí agus níos bunúsaí a chruthú do chónaitheoirí chun a dtaithí ar an gceantar a roinnt. Rinne an Oifig Forbartha Pobail bealach a mhapáil go straitéiseach a chuimsigh príomhaiseanna áitiúla agus áiteanna suntasacha. Orthu sin bhí Ionad Pobail na Coirre Duibhe, scoileanna áitiúla, an chreis pobail, Páirc na Coirre Duibhe, OT Bhaile Átha Cliath, Gairdín Glas, gnólachtaí agus siopaí áitiúla, agus an t-ionad leighis. Thug siúl trí na spásanna seo deis do rannpháirtithe (cónaitheoirí agus CCFG) machnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris mhaireachtála i bhfíor-am, ag spreagadh comhráite fiúntacha faoi na rudaí a oibríonn go maith agus na rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú. Ní hamháin gur spreag an cur chuige seo ranníocaíochtaí spontáineacha agus rannpháirtíocht ghníomhach, ach chabhraigh sé freisin le páirtithe leasmhara léargais shaibhre áitbhunaithe a bhailiú a chuir bonn eolais díreach faoin tuiscint a bhí acu ar an gcaoi a bhfuil feidhm ag na téamaí um Chaighdeán Áite sa Chorr Dhubh.

Fíor 8: Páirtithe leasmhara rannpháirteach sna hAgallaimh Siúil/Comhairliúcháin Siúil & Cainte



Comhlánaíodh na rannpháirtíochtaí seo le ceardlann ealaíne thiomnaithe – comhoibriú idir Roinn Ealaíne Chomhairle Contae Fhine Gall agus an pobal áitiúil. D'éascaigh an chomhairle do chónaitheoirí a ndearchtaí áite agus a ndóchas don todhchaí a chur in iúl, trí shraith modhanna tarraingteacha agus cruthaitheacha, agus léirítear cuid acu leis na híomhánna seo a leanas.

Fíor 9: Ceardlann Ealaíne Pobail sa Chorr Dhubh



Rannpháirtíocht Idirghníomhaireachta agus Idir-Rannach

Tacaíodh leis an bpróiseas agus neartaíodh é trí chomhoibriú ar fud ranna Chomhairle Contae Fhine Gall (liostaithe thuas) mar aon le páirtithe leasmhara seachtracha agus eagraíochtaí áitiúla. Chinntigh an cur chuige comhpháirtíochta seo go raibh na torthaí bunaithe ar réaltachtaí praiticiúla agus ailínithe le creataí seachadta seirbhíse atá ann cheana.

Machnamh na bPáirtithe Leasmhara ar an gCaighdeán Áite

Tar éis rannpháirtíochtaí an Chaighdeáin Áite, d'éascaigh Comhairle Contae Fhine Gall do pháirtithe leasmhara machnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris agus a gcuid foghlama a roinnt. Tugadh an méid seo a leanas faoi deara sna machnaimh sin:

- Ba cheart cur i láthair ábhair a oiriúnú do lucht féachana éagsúil;
- Tá struchtúr agus cur chuige ina gcuid lárnach de rannpháirtíocht agus plé fiúntach – is cabhair iad faisnéis a roinnt, "post-it"-anna a úsáid, modhanna malartacha a shocrú, agus grúpaí beaga a thionól;
- Tá bainistíocht ama agus lóistíochta tábhachtach m.sh., tabhairt faoi iniúchtaí inrochtaineachta bealaigh roimh shiúlóidí, tús áite a thabhairt d'fhor-rochtain luath agus éagsúil, lúba aiseolais a sholáthar, sólaistí a riar, agus sreabhadh an tseisiúin a bheachtú go leanúnach.

Ar an iomlán, bhí an t - aiseolas dearfach, agus tá fonn ar pháirtithe leasmhara tógáil ar chur chuige na comhpháirtíochta i leith rannpháirtíocht an phobail.


2.2 Torthaí maidir le Caighdeán Áite sa Chorr Dhubh

In Earrach 2025, fuair Comhairle Contae Fhine Gall 38 ceistneoir maidir le Caighdeán Áite comhlánaithe, agus chuir grúpaí pobail an chuid is mó díobh ar ais sa Chorr Dhubh. Cé nach sampla mór é seo den daonra áitiúil, tugann na torthaí léargais úsáideacha maidir leis an gcaoi a n- airíonn ceannairí agus gníomhaithe pobail na Coirre Duibhe.

Taispeánann Fíor 10 an meánscore (meán) ar gach ceann de na 14 thoise áite. Nochtann sé go mbronnann cónaitheoirí áitiúla an score is airde i.e.; tá an dearcadh is dearfaí acu ar 'áiseanna agus seirbhísí'. Léiríonn

sé freisin gurb iad na cónaitheoirí is mó atá buartha faoi ‘bheith ag mothú sábháilte’ sa mhéid is go bhfuair sé seo an scór is ísle.

Fíor 10: Meánscoir ar gach ceann de thoisí an Chaighdeáin Áite sa Chorr Dhubh (2025)



Bhí deis ag freagróirí an tsuirbhé a dtuairimí a thabhairt freisin ar gach ceann de na toisí áite seo - ag soláthar tuilleadh eolais agus / nó réasúnaíocht do na scóranna a bronnadh.

Maidir le háiseanna agus conláistí mhol na freagróirí raon agus cóngarachtaí na n-áiseanna áitiúla den scoth. An rud ba phríomhdhearfaí ab ea an áisiúlacht a bhaineann le "gach rud a bheith ar leac an dorais agat", le meas ar leith ar na siopaí, ar an ionad cúraim phríomhúil (Dochtúir Teaghlaigh, fiacloir, cógaslann), agus ar an ospidéal mór in aice láimhe. Tarraingíodh aird chomh maith ar shócmhainní pobail cosúil le Club Peile na Coirre Duibhe (CP), an t-ionad spóirt áitiúil, na gasóga, agus scoileanna áitiúla mar láidreachtaí a chothaíonn bród agus muintearas.

Fíor 11: Ionad Spóirt na Coirre Duibhe



Léiríonn an néal focal (Fíor 12) seo a leanas na gnéithe is dearfaí, maidir le háiseanna agus seirbhísí, arna sainaithint ag freagróirí an tsuirbhé:

Fíor 12: Gnéithe dearfacha d'áiseanna agus de sheirbhísí



Aithníodh roinnt dúshlán freisin, áfach, maidir le háiseanna agus conláistí. Ábhar mór imní ab ea an easpa seirbhísí do ghrúpaí ar leith. Is léir go raibh imní ar fhreagróirí an tsuirbhé nach raibh áit ar bith inacmhainne agus tiomanta don sóisialú ag déagóirí, le héileamh ar chlub óige nó ar chaifé. Chreid freagróirí freisin nár tugadh tacaíocht leordhóthanach don daonra a bhí ag dul in aois go háitiúil, gan aon chlubanna sóisialta, béilí ar rothaí, ná iompar iontaofa, as ar eascair aonrú ceilte. Ba shaincheist eile í an

inrochtaineacht, agus tuairiscíodh nach raibh teacht ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar an bpáirc agus ar roinnt bealaí isteach i siopaí.

D'aithin freagróirí an tsuirbhé inacmhainneacht agus easpa feasachta ar sheirbhísí freisin mar bhacainní ar rochtain a fháil ar na seirbhísí sin. Thuairiscigh roinnt freagróirí suirbhé, cé go bhfuil roinnt áiseanna ann, go bhfuil go leor ró-chostasach (m.sh., costas ard ar an bpáirc astro-turf áitiúil a ligean ar cíos). Bhí imní ann freisin go bhféadfadh an cleachtas dochtúra teaghlaigh áitiúil a bheith lán. Go rithabhachtach, maíonn go leor freagróirí gur gá cumarsáid faoi/ó áiseanna agus conláistí áitiúla a fheabhsú; le cónaitheoirí ag tuairisciú go gcailleann siad imeachtaí go minic toisc nach bhfógraítear go héifeachtach iad. Aithníodh dúshlán freisin maidir le hiompar frithshóisialta a bhaineann le húsáid drugaí. Léiríonn an néal focal seo a leanas (Fíor 13) an méid a bhraitheann cónaitheoirí mar na dúshlán nó na heasnamh is mó maidir le háiseanna agus seirbhísí.

Fíor 13: Gnéithe dúshlánacha d'áiseanna agus de sheirbhísí



Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo, mhol cónaitheoirí roinnt réitigh phraiticiúla, lena n-áirítear:

- Spásanna tiomnaithe inacmhainne a sholáthar don aos óg agus do dhaoine scothaosta araon;
- Cumarsáid fheabhsaithe trí nuachtlitir phobail, cláir fógraí poiblí, agus eolaire seirbhísí áitiúla;
- Suiteáil giomnásiam lasmuigh, agus moil Wi-Fi saor in aisce;
- Banc bia a bhunú go háitiúil; agus
- Feabhsuithe fisiciúla chun inrochtaineacht áiseanna agus conláistí a fheabhsú.

Féiniúlacht Phobail agus Muintearas

Ba léir ó na freagraí go bhfuil mothú láidir dearfach **féiniúlachta pobail agus muintearais** forleathan i measc go leor cónaitheoirí, a léirigh bród nach beag a bheith as an gCorr Dhubh. Tá baint ag an bhféiniúlacht seo le heagraíochtaí áitiúla, agus is é Club Peile na Coirre Duibhe (CP) an sampla is minice a luaitear. Rinne roinnt freagróirí cur síos ar an gclub seo mar chroílár an phobail, agus é ag cur ar fáil mothúchán rithabhachtach áite, bróid, agus muintearais do na céadta páistí agus daoine fásta. Taobh amuigh den chlub peile, tharraing cónaitheoirí aird ar chairdiúlacht a gcomharsan, ar obair ghrúpaí deonacha cosúil le Clean Up Corduff nó "Glan Suas an Corr Dubh", agus ar thoilteanas ginearálta cabhrú lena chéile mar phríomhláidreachtaí a chothaíonn atmaisféar tacúil.

Fíor 14: Club Peile na Coirre Duibhe



Breathnaítear ar chultúr láidir na hoibre deonaí agus na rannpháirtíochta pobail mar shócmhainn shuntasach. Léiríonn an néal focal (Fíor 15) seo a leanas na gnéithe is dearfaí, maidir le féiniúlacht agus muintearas an phobail, mar atá aitheanta ag freagróirí an tsuirbhé:

Fíor 15: Gnéithe dearfacha den fhéiniúlacht agus den mhuintearas



Is cosúil go bhfuil an tuiscint inmheánach láidir chomhtháite seo ar an bpobal i gcodarsnacht lom le dearcaí diúltacha seachtracha ar an gceantar. Bhí na cónaitheoirí a ghlac páirt sa suirbhé den tuairim go raibh stiogma ag baint leis an gCorr Dhubh agus go raibh siad thíos le híomhá dhamanta d'áit a raibh tionchar suntasach ag coireacht agus iompar frithshóisialta uirthi. Thuairiscigh freagróirí an tsuirbhé go raibh iarmhairtí dáiríre agus follasacha ag an gcáil dhiúltach seo, agus cuntais nach raibh cead ag leanaí ó lasmuigh den cheantar teacht le haghaidh coinní súgartha. Go himmheánach freisin, baintear den bhród atá ag cónaitheoirí áitiúla as a bheith as an gCorr Dhubh mar gheall ar thionchar gníomhaíochta agus coireachta a bhaineann le drugaí, rud a chruthaíonn eagla agus anacair do roinnt cónaitheoirí agus a fhágann go mothaíonn siad tréigthe ag comhlachtaí oifigiúla ar nós an Gharda Síochána agus Comhairle Contae Fhine Gall.

Fíor 16: An Chorr Dhubh – Mórtas Áite



Tuairiscíodh chomh maith, cé go bhfuil clubanna atá ann go láidir, go bhfuil tuiscint ann go mbíonn rannpháirtíocht teoranta go minic do na grúpaí céanna daoine. Bhí imní ann go mb'fhéidir nach mbeadh cónaitheoirí níos nuaí agus mionlaigh eitneacha comhtháite go hiomlán ná ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí áitiúla. Thuairiscigh freagróirí freisin laghdú ar líon na n-imeachtaí pobail amhail cóisirí sráide agus aontaí Nollag, agus cumarsáid idir grúpaí pobail éagsúla a mheastar a bheith teoranta.

Léiríonn an néal focal seo a leanas (Fíor 17) an méid a bhraitheann cónaitheoirí mar na dúshlán nó na heasnamh is mó maidir le féiniúlacht agus muintearas pobail.

Fíor 17: Gnéithe dúshlánacha den fhéiniúlacht agus den mhuintearas



I measc na moltaí chun na bearnaí seo a líonadh agus an chreatlach phobail a neartú tá an méid seo a leanas:

- Imeachtaí pobail ar nós cóisirí sráide agus féilte a athbheochan chun níos mó meascadh idir gach aois agus eitneachas a spreagadh;
- Cumarsáid áitiúil a fheabhsú trí nuachtlitir rialta nó trí leathanaigh (le dea-mhonatóireacht orthu) ar na meáin shóisialta;
- Dul i ngleic go gníomhach leis an íomhá sheachtrach dhiúltach trí scéalta nuachta dearfacha agus éachtaí dearfacha a chur chun cinn (cuir i gcás, club na bliana buaite ag CP na Coirre Duibhe) chun dul i ngleic leis an stiogma atá i réim agus chun féiniúlacht níos comhtháite agus níos dearfaí a thógáil don cheantar.

Obair agus an Geilleagar Áitiúil

Tugann cónaitheoirí aitheantas do roinnt láidreachtaí maidir le **hobair agus leis an ngeilleagar áitiúil**. Meastar go bhfuil an ceantar ina láthair mhaith don obair, é suite go maith agus timpeallaithe ag monarchana, cuideachtaí ilnáisiúnta, agus mórionaid cosúil le Lár Bhaile Bhaile Bhlaínséir, an tIonad Náisiúnta Uisce (NAC), agus OT Bhaile Átha Cliath, a chuireann réimse leathan deiseanna fostaíochta féideartha ar fáil. Is soláthraí tábhachtach fostaíochta é an t-ionad siopadóireachta áitiúil.

Fíor 18: Ionad Siopadóireachta na Coirre Duibhe



Breathnaíodh go dearfach freisin ar thacaíochtaí oideachais áirithe, ar chúrsaí BOO agus ar chomhpháirtíochtaí scoile le cuideachtaí a bheith ann. Léiríonn an néal focal seo a leanas (Fíor 19) na gnéithe is dearfaí, i leith na hoibre agus an gheilleagair áitiúil, mar atá aitheanta ag na rannpháirtithe:

Fíor 19: Gnéithe dearfacha den obair agus den gheilleagar áitiúil



Aithníodh dúshlán maidir le rochtain agus conairí chun na fostaíochta, áfach. Téama cumhachtach agus athfhillteach i rith an aiseolais ná an creideamh nach bhfuil aon jabanna sa Chorr Dhubh do dhaoine áitiúla, agus go háirithe don aos óg. Thuairiscigh roinnt cónaitheoirí go raibh siad dúnta amach ó na cuideachtaí móra ilnáisiúnta atá ar leac an dorais acu, ag rá nach féidir le daoine áitiúla rochtain a fháil ar obair leo. Ag tabhairt faoi deara gur minic a bhíonn na poist atá ar fáil teoranta, deacair a fháil, nó páirtaimseartha ina nádúr.

I measc na ndúshlán eile a sainaitníodh bhí easpa éagsúlachta i measc gnólachtaí áitiúla, agus imní bhreise ann go raibh roinnt aonad miondíola tréigthe ina suí folamh go háitiúil, rud a chuireann srian ar chaiteachas áitiúil agus ar dheiseanna fostaíochta.

D'aithin cónaitheoirí roinnt bacainní ar dhul i mbun fostaíochta freisin. Mhol siad go raibh gá le tacaíocht níos ábhartha agus níos áitiúla, mar shampla ceardlanna scríbhneoireachta CV, printíseachtaí nua-aimseartha agus scéimeanna oiliúna. Bhí sé soiléir ar fud na bhfreagraí suirbhé go bhfuil frustrachas ann i leith fostóirí móra áitiúla, lena n-áirítear ionaid sonraí agus monarchana móra, a mheastar nach dtugann siad ar ais don phobal áitiúil nó nach ndéanann siad infheistíocht sa phobal áitiúil. Léiríonn an néal focal seo a leanas (Fíor 20) an méid a bhraitheann cónaitheoirí mar na dúshláin is mó i leith na hoibre agus an gheilleagair áitiúil.

Fíor 20: Gnéithe dúshlánacha den obair agus den gheilleagar áitiúil



Mar fhreagra ar na dúshláin sin, chuir cónaitheoirí roinnt moltaí chun cinn chun an geilleagar áitiúil a fhorbairt. Ba é an moladh ba mhinice a aithníodh ná aonaid mhiondíola fholmha a ligean ar cíos arís le gnólaigh áitiúla nua d'fhonn poist a chruthú agus cuma an cheantair a fheabhsú. Bhí éilimh ann freisin ar sheirbhísí fostaíochta feabhsaithe, áitiúla a chur ar fáil a chuireann cúrsaí uasoiliúna ábhartha agus oiliúint phraiticiúil ar fáil. Moladh coitianta eile ná go gcuirfeadh corparáidí móra áitiúla tacaíocht dhíreach ar fáil do thionscnaimh phobail, rud a chruthódh nasc follasach idir a láithreacht go háitiúil agus a dtairbhe áitiúil. D'aithin go leor freagróirí freisin go bhfuil gá le níos mó printíseachtaí agus deiseanna fostaíochta páirtaimseartha i siopaí áitiúla. Chuir roinnt freagróirí smaointe chun cinn freisin chun comhpháirtíochtaí áitiúla níos fearr a chothú, lena n-áirítear cúrsaí ceannaireachta chun ceannairí pobail a aithint agus éiceachóras níos láidre a chruthú idir scoileanna, OT Bhaile Átha Cliath, agus fostóirí áitiúla chun freastal níos fearr ar riachtanais an phobail.

Spásanna Nádúrtha

D'aithin cónaitheoirí roinnt **spásanna nádúrtha** mar shócmhainní luachmhara áitiúla don cheantar. Orthu sin bhí Páirc na Coirre Duibhe, Páirc Ghleann na Tulchann, tailte OT Bhaile Átha Cliath, agus Baile an Aba. Cuireadh síos ar ghnéithe ar leith, mar shampla an gairdín pobail agus an lochán in OT Bhaile Átha Cliath, mar 'álainn', agus aithníodh agus moladh obair grúpaí deonacha ar nós *Clean-Up Corduff*. Féachadh ar an raidhse ginearálta spáis le haghaidh siúlóidí agus caitheamh aimsire mar thairbhe don phobal.

Fíor 21: Páirc na Coirre Duibhe



Léiríonn an néal focal (Fíor 22) seo a leanas na gnéithe is dearfaí, maidir le spásanna nádúrtha, arna sainathint ag freagróirí an tsuirbhé:

Fíor 22: Gnéithe dearfacha de spásanna nádúrtha



Thug aiseolas le fios, áfach, go raibh an taitneamh a bhaintear as na spásanna seo teoranta ag saincheisteanna inrochtaineachta, sábháilteachta agus cothabhála. Ábhar imní criticiúil agus arís agus arís eile a luadh ná nach raibh príomhcheantair, go háirithe Páirc na Coirre Duibhe, inrochtana do chathaoireacha rothaí, agus go raibh geataí agus "kissing gates" nó geataí cúnga siúil ag feidhmiú mar bhacainní. Aithníodh go raibh deisiú de dhíth ar chonairí chuig cinn scríbe móra cosúil leis an Ionad Náisiúnta Uisce (NAC) agus OT Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, chonacthas go ndíspreagann soilsiú neamhleor i gceantair cosúil le Gleann na Tulchann úsáid tar éis thitim na hoíche, agus go mbraitheann fadhbanna leanúnacha le bruscar, giuirléidí a bhaineann le drugaí, agus iompar frithshóisialta – go háirithe i nGleann na Tulchann – go bhfuil roinnt cónaitheoirí, go háirithe mná agus daoine níos óige, neamhshábháilte. Dúirt freagróir amháin 12-bliain d'aois, "Is breá liom Páirc an Choireáin, ach tá an oiread sin eagla orm roimh na madraí, agus scaoileann daoine na madraí den éill, mar sin ní rachaidh mé liom féin ."

Léiríonn an néal focal seo a leanas (Fíor 23) an méid a bhraitheann cónaitheoirí mar na dúshlán nó na heasnamh is mó i leith spásanna nádúrtha:

Fíor 23: Gnéithe dúshlánacha de spásanna nádúrtha



Bhí fonn ar chónaitheoirí feabhsuithe ar leith a dhéanamh ar spásanna oscailte níos inúsáidte agus níos taitneamhaí do chách. I measc na moltaí le haghaidh feabhsúcháin tá:

- Inrochtaineacht Fheabhsaithe - geataí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a shuiteáil (le siogairlí rochtana nó eochracha digiteacha b'fhéidir), níos mó rampaí a chur leis, agus conairí a dheisiú chuig príomhchinn scríbe amhail an NAC agus OT Bhaile Átha Cliath.
- Sábháilteacht agus Cothabháil Fheabhsaithe: maor páirce a fhostú leis an údarás chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta i nGleann na Tulchann. Moltar go láidir freisin soilsiú a shuiteáil níos mó i bpáirceanna agus i ngleannta, mar aon le níos mó araidí bruscair agus leithris phoiblí a sholáthar, chun sábháilteacht agus cothabháil a fheabhsú.
- Conláistí agus Gnéithe Breise a sholáthar: lena n-áirítear tuilleadh suíocháin agus binsí a sholáthar ar fud limistéir ghlasa. Molann cónaitheoirí freisin tairiscintí áineasa a éagsúlú trí pháirc thiomnaithe madraí a chruthú, plandú bláthanna fiáine níos mó a chur i bhfeidhm chun bithéagsúlacht a spreagadh, agus trealamh clós súgartha nó cuailí a shuiteáil ar spásanna glasa chun gníomhaíochtaí inrochtana saor in aisce a sholáthar do leanaí agus do dhéagóirí.
- Comharthaíocht agus Cumarsáid Níos Fearr: comharthaíocht níos fearr a shuiteáil chun aird a tharraingt ar shuíomh agus ar ghnéithe páirceanna áitiúla agus cosáin siúil.




Caidreamh Sóisialta

Léirigh freagraí an tsuirbhé go bhfeidhmíonn clubanna agus grúpaí eagraithe mar phríomhinneall le haghaidh **idirghníomhaíocht shóisialta** sa Chorr Dhubh. Chonacthas go raibh Club Peile na Coirre Duibhe ina mhol ríthábhachtach do na céadta cónaitheoirí. Taobh amuigh de chúrsaí spóirt, aithníodh grúpaí cosúil le Foróige, Clean Up Corduff, agus áiteanna adhartha mar phríomhspásanna le haghaidh ceangail freisin. Chonacthas freisin go raibh tuiscint láidir ar spiorad pobail le feiceáil in aimsir ghéarchéime; le cónaitheoir amháin ag tabhairt faoi deara gur tar éis do theach a bheith buailte ag tintreach, "tháinig an pobal le chéile chun na mílte a bhailiú." Is téama athfhillteach é an tacaíocht chomharsanachta seo, le go leor ag cur síos ar a gcomharsana mar chairdiúil agus cabhrach.

Léiríonn an néal focal (Fíor 25) seo a leanas na gnéithe is dearfaí, maidir le hidirghníomhaíocht shóisialta, arna sainaithint ag freagróirí an tsuirbhé:

Fíor 25: Gnéithe dearfacha den idirghníomhiú sóisialta



Lean na rannpháirtithe ar aghaidh chun roinnt bearnaí suntasacha a aithint i mbonneagar sóisialta go háitiúil. Ba í an bhearna ba mhinice a luadh ná an easpa spásanna éagsúla, inacmhainne agus neamhfhoirmiúla le go mbuailfeadh daoine lena chéile. Chonacthas gur déagóirí agus daoine óga is mó a mhothaigh é seo, nach bhfeidhmíonn an t-aon rogha thiomnaithe atá ar fáil dóibh, caifé óige Foróige, ach oíche amháin sa tseachtain. Cuireann an meon "mura bhfuil suim ag daoine i gcúrsaí spóirt b'fhéidir go mbeadh... bealaí ann dóibh le nascadh leo sula dtitfidh siad tríd na scoilteanna" béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí níos éagsúla. Tá an easpa rogha seo níos measa do ghrúpaí eile, lena n-áirítear úsáideoirí cathaoireacha rothaí, a fhaigheann go leor áiseanna atá ann cheana féin neamh-inrochtana, agus cónaitheoirí níos sine ag lorg níos mó bealaí sóisialta.

Fíor 26: Ionad Pobail Dúnta



Measadh freisin go raibh droch-chumarsáid faoi imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá ann cheana ina bhac ar idirghníomhaíocht shóisialta. Chonacthas go raibh spleáchas ar scéala ó bhéal go béal, ar ghrúpaí WhatsApp, agus ar na meáin shóisialta ag cur as dóibh siúd nach bhfuil sna líonraí seo, go háirithe glúnta níos sine agus daoine nua. Mar a chuir freagróir amháin é, "níl a fhios ag daoine nua conas a bheith mar chuid den phobal." Mothaíodh go fonnmhar nach raibh nuachtlitir phobail iontaofa, scaipthe go forleathan nó cláir fógraí poiblí ann, agus chonacthas dó go raibh sé ag cur leis an staid ina bhfuil go leor cónaitheoirí áitiúla ar an eolas go simplí faoina bhfuil ar fáil go háitiúil.

Léiríonn an néal focal seo a leanas (Fíor 27) an méid a bhraitheann cónaitheoirí mar na dúshlán nó na heasnaimh is mó maidir le hidirghníomhaíocht shóisialta:

Fíor 27: Gnéithe dúshlánacha d'idirghníomhuithe sóisialta



Cé go bhfuil croílár láidir de mheon an phobail ann sa Chorr Dhubh, agus go n-éascaíonn clubanna tiomnaithe é seo, tá idirghníomhaíocht shóisialta do go leor teoranta ag easpa spásanna cuimsitheacha agus bealaí cumarsáide neamhéifeachta. Léiríonn na moltaí comhchoiteanna go bhfuil gá le:

- Caifé tiomnaithe don óige;
- Fógraíocht níos fearr ar imeachtaí; agus
- Áiteanna cruinnithe níos neamhfhoirmiúla nach mbaineann le spórt a chruthú lena chinntiú go mbeidh deis ag gach cónaitheoir ceangal a dhéanamh le chéile agus naisc phobail a thógáil.

Cúram agus Cothabháil

Maidir le **cúram agus cothabháil**, d'admhaigh cónaitheoirí go raibh feabhsuithe suntasacha tagtha ar chothabháil an cheantair le fiche bliain anuas, agus thug go leor daoine faoi deara go bhfuil an Chorr Dhubh i bhfad níos glaine agus go bhfuil sé á chothabháil níos fearr ná mar a bhí sé roimhe seo. Tugadh aitheantas d'obair sheirbhísí Chomhairle Contae Fhine Gall (CCFG), amhail glanadh rialta bóithre agus gearradh féir. Ba í an tsócmhainn ba mhó a moladh, áfach, obair thiomnaithe na ngrúpaí deonacha, go háirithe Clean Up Corduff, a raibh ardmheas ar a n-iarrachtaí chun dul i ngleic le bruscar agus bláthanna a chur. Thug cónaitheoir amháin achoimre ar an dul chun cinn seo, á rá, "tá an áit deich n-oiread níos fearr ná mar a bhí 20 bliain ó shin." Gabhann an néal focal seo a leanas (Fíor 28) roinnt rudaí dearfacha ó mhuintir na háite.

Fíor 28: Gnéithe dearfacha den chúram agus den chothabháil



In ainneoin an dul chun cinn seo, d'aithin freagróirí an tsuirbhé roinnt saincheisteanna leanúnacha a ghníomhaíonn chun an bonn a bhaint de chuma agus sábháilteacht an cheantair. Ábhar mór inné ab ea an iomad bruscair, graifítí, agus dumpáil mhídhleathach. Luadh fadhb na ngluaisteán dóite amach a fágadh ar feadh tréimhsí fada agus scriosadh boscaí bláthanna nuaphlandáilte ag gluaisrothair mar shamplaí d'iompar frithshóisialta a dhéanann dochar don timpeallacht áitiúil. Aithníodh suíomhanna sonracha, amhail Coillte Bhealach an Iarthair agus Páirc an Choireáin, mar láithreacha ardbhrú ar leith chun giúirléidí a bhaineann le drugaí a dhumpáil, agus léirigh cónaitheoirí éiginnteacht maidir le sábháilteacht agus conas saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht a thuairisciú. Rinne freagróir amháin achoimre ar na tuairimí seo a dúirt, "Níl a fhios agam cé leis ar cheart dom teagmháil a dhéanamh nuair a fhaighim steallaire."

Chonacthas freisin go raibh aird ag teastáil ón mbonneagar fisiciúil ó thaobh cúraim agus cothabhála de. Thrácht na rannpháirtithe ar dhromchlaí pábhála briste agus míchothroma, ar sclaigeanna, agus ar rampaí bóthair damáistithe atá docharach do choisithe agus a dhéanann dochar d'fheithiclí. Frustrachas athfhillteach ab ea an chastacht a bhaineann leis na saincheisteanna seo a thuairisciú do CCFG; déantar cur síos ar an bpróiseas mar phróiseas casta. Tá an meon seo gafa sa nóta tráchta, "tá sé casta ceist a thuairisciú trí Fhine Gall. Is fusa tuairisc a thabhairt do [ainm] nó [ainm] le cur ar aghaidh chuig an gcomhairle."

Súil eile agus foinse shuntasach frustrachais is ea tithe folmha cumhdaithe le cláir adhmaid a bheith ann. Ceistíonn cónaitheoirí cén fáth, i measc ganntanas tithíochta, nach ndéantar na réadmhaoine seo a athchóiriú agus a thabhairt ar ais in úsáid níos tapa, mar go gcuireann siad le mothú faillí. Bhí mothú ann freisin, i measc go leor freagróirí, go bhféadfadh iarrachtaí cothabhála a bheith níos straitéisí agus níos dírithe ar an bpobal. I measc na moltaí tá an méid seo a leanas:

- Múrphtictiúir choimisiúnaithe a chur in ionad graifítí, mar a mhol cónaitheoir amháin, "Cuireann graifítí múrphtictiúir ar bhallaí agus stopann seo graifítí";
- Níos mó araidí bruscair a shuiteáil chun dumpáil a chosc; agus
- Tionscnaimh cosúil le grúpa Bailte Slachtmhara nó Bothán na mBan a sheoladh chun rannpháirtíocht níos mó sa phobal a chothú.

Gabhann an néal focal seo a leanas (Fíor 29) an méid a bhraitheann cónaitheoirí mar na dúshlán is mó a bhaineann le cúram agus cothabháil.

Fíor 29: Gnéithe dúshlánacha den chúram agus den chothabháil



Ba é an teachtaireacht uileghabhálach a d'eascair as an gcuid seo den suirbhé ná dúil i gcur chuige níos réamhghníomhaí, níos comhordaithe agus níos cumarsáidí idir CCFG agus an pobal d'fhonn tógáil ar na feabhsuithe a rinneadh cheana féin.

Ag Bogadh Timpeall

Thug go leor cónaitheoirí faoi deara go bhfuil an ceantar inrochtana de shiúl na gcos go ginearálta, le líonra cosán a nascann tithe le háiseanna riachtanacha amhail siopaí, an chógaslann, agus an t-ionad leighis. Tugadh aitheantas don obair a rinne Comhairle Contae Fhine Gall (CCFG) chun roinnt cosán a fheabhsú agus a leathnú. Chonacthas naisc mhaithe iompair phoiblí do thurais go lár chathair Bhaile Átha Cliath mar thairbhe freisin, agus braitheann roinnt cónaitheoirí go raibh an ceantar soilsithe go maith i áiteanna áirithe.

Fíor 30: Gnéithe den timpeallacht thógtha agus den bhonneagar tógtha



Taispeánann an néal focal seo a leanas (Fíor 31) na rudaí dearfacha atá leagtha amach ag cónaitheoirí áitiúla.

Fíor 31: Gnéithe dearfacha de bhogadh timpeall



Baineadh an barr de na rudaí dearfacha sin, áfach, de bharr imní fhorleathan maidir le sábháilteacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an bhonneagair. Saincheist phríomha do go leor freagróirí suirbhé ná an drochbhail atá ar go leor cosán agus bóithre. Thuairiscigh rannpháirtithe go minic go raibh orthu a mbealach a dhéanamh trí leaca pábhála míchothroma, briste agus scoilte, chomh maith le sclaigeanna agus rampaí luais a ndearna siad cur síos orthu mar rudaí a dhéanann damáiste d'fheithiclí. Chonacthas go raibh fadhbanna ar leith ag baint le dromchlaí ar dhroch-chaighdeán d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus do thuismitheoirí a bhfuil bugaithe acu.

Tháinig sábháilteacht ar bhóithre agus an easpa pointí trasnaithe sábháilte chun cinn go háitiúil mar ábhair imní freisin. Thuairiscigh go leor freagróirí go dtiomáineann gluaisteáin ró-thapa trí na heastáit, agus tá comhdhearcadh láidir ann go bhfuil géarghá le trasrianta coisithe níos rialaithe, ar nós trasrianta séabra nó soilse tráchta. Tarraingíodh aird ar shuíomhanna ar leith amhail an bealach isteach chuig OT Bhaile Átha Cliath agus cora bóthair in aice leis an Ionad Uisce mar láithreacha an-chontúirteach. Ina theannta sin, luaitear go bhfuil faid na soilse glasa do choisithe ag na trasrianta coisithe atá ann cheana ró-ghearr do chónaitheoirí aosta agus do dhaoine eile a bhfuil fadhbanna soghluaisteacha acu chun dul trasna go sábháilte. Tugadh faoi deara freisin, cé go bhfuil roinnt rampaí maithe, nach bhfuil go leor leibhéalta leis an mbóthar, agus tá easpa suntasach pábhálacha cuasacha/ colbhaí íslithe, a chuireann iachall ar úsáideoirí cathaoireacha rothaí dul ar an mbóthar in áiteanna áirithe. Taispeánann an néal focal seo a leanas (Fíor 32) cuid de na hábhair imní atá ag muintir na háite.

Fíor 32: Gnéithe dúshlánacha a bhaineann le bogadh timpeall



Go hachomair, cé go meastar go bhfuil an ceantar insiúlta do go leor, tá an taithí ar bhogadh timpeall loitithe mar gheall ar bhonneagar easnamhach. Díríonn an t-aiseolas comhchoiteann ar mhian láidir maidir leis an méid seo a leanas:

- Clár cuimsitheach deisiúcháin ar chosáin agus ar bhóithre;
- Suiteáil trasrianta coisithe níos sábháilte; agus
- Athruithe chun inrochtaineacht iomlán a chinntiú do gach cineál soghluaisteachta

Iompar Poiblí

D'aithin cónaitheoirí roinnt gnéithe dearfacha den líonra **iompair phoiblí** a fhreastalaíonn ar an gceantar. Thug go leor daoine faoi deara go bhfuil rogha mhaith de bhealaí bus ag dul tríd an gCorr Dhubh, go háirithe i gcás turasanna go lár chathair Bhaile Átha Cliath, le seirbhísí ar leith cosúil leis an 38, 39, agus an N4 a bhí luaite acu.

Fíor 33: Gnéithe den soláthar iompair phoiblí



Ba mhór acu freisin soláthar na Scéime Saorthaistil. Thuairiscigh roinnt freagróirí go bhfuil na príomhbhusanna go ginearálta "glan [agus] sábháilte le húsáid," agus déantar cur síos ar an tseirbhís 139

go Maigh Nuad mar "go hiontach." Tugtar faoi deara freisin go bhfuil roinnt mhaith díseáil cosáin agus páirceáil freisin. Léiríonn an néal focal (Fíor 34) seo a leanas na gnéithe is dearfaí d'iompar poiblí, mar atá sainaitheanta ag freagróirí an tsuirbhé:

Fíor 34: Gnéithe dearfacha den iompar poiblí




Mar sin féin, baineadh an bonn de na rudaí dearfacha sin mar gheall ar dhúshláin maidir le hiontaofacht agus inrochtaineacht an iompair phoiblí. Ba í an fhadhb ba mhinice a luadh ar fud an aiseolais ná an droch-iontaofacht a bhain le seirbhísí áirithe bus. Tarraingíodh aird ar bhealach 238 go seasta mar fhadhbach, le cónaitheoirí iomadúla á ainmniú mar "neamhiontaofa" agus ag lua "busanna taibhse" go minic a bhíonn le feiceáil ar chláir ama ach nach dtagann riamh. Rinne cónaitheoir amháin achoimre ar fhrustrachas coitianta, ag rá, "Busanna nach dtagann nó ag tiomáint chun bealaigh agus tú díreach ag na doirse." Tá an neamhiontaofacht seo níos measa mar gheall ar róphlódú, le tuairiscí go mbíonn busanna "i gcónaí lán" le linn buaicamanna. Aithníonn cónaitheoirí bearnaí sa líonra freisin, ag iarraidh naisc bhus níos fearr chuig ceantair in aice láimhe níos nuáí cosúil le Baile an Tirialaigh agus Baile an Alabhóidigh agus níos mó seirbhísí díreacha chuig príomhchinn scríbe cosúil le campas OT Bhaile Átha Cliath.

Réimse eile a bhí ina ábhar imní ná inrochtaineacht fhisiciúil an iompair phoiblí. Thuairiscigh líon suntasach freagróirí, go háirithe úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus iad siúd le bugaithe, go raibh rochtain ar sheirbhísí an-deacair orthu. Léiríonn trácht amháin taithí choitianta: "má tá bugaithe ar [an bhus] cheana féin, ní féidir le húsáideoirí cathaoireacha rothaí rochtain a fháil ar an mbus, agus uaireanta is féidir leo a bheith ag fanacht ar thrí bhus sula mbronnar rochtain." Easnamh eile a luaitear go minic ná an easpa scáthlái bus leordhóthanach le faisnéis fíor-ama agus easpa cosaint aimsire. Ardaíodh drochbhail na mbóithre agus na rampaí áitiúla freisin mar shaincheist a théann i bhfeidhm ar gach iompar.

Ina theannta sin, d'áitigh roinnt freagróirí suirbhé go bhfuil easpa nascacht chuimsitheach ag an líonra iompair phoiblí i gcónaí. I measc na bpríomhbhearnaí a sainithníodh bhí easpa nasc díreach bus le hAerfort Bhaile Átha Cliath, in ainneoin a chónagarachta, agus drochnaisc leis na stáisiúin traenach áitiúla ag Caisleán Cnucha agus Páirc Hans. Luadh freisin an gá le seirbhísí níos fearr do cheantair in aice láimhe níos nuáí cosúil le Baile an Alabhóidigh, Baile an Tirialaigh, agus Ongar, mar aon leis an easpa bus díreach isteach i gcampas OT Bhaile Átha Cliath agus páirceanna gnó máguaird. Léiríonn an néal focal a leanas

(Fíor 35) an méid a bhraiteann cónaitheoirí mar na dúshláin nó na heasnamh is mó maidir le iompar poiblí.

Fíor 35: Gnéithe dúshlánacha den iompar poiblí



Agus é tógtha mar rud comhchoiteann, léiríonn freagraí an tsuirbhé go bhfuil líonra feidhmiúil busanna ag an gCorr Dhubh, ach go gcuireann seirbhísí neamhiontaofa, bonneagar neamhleor dóibh siúd a bhfuil riachtanais soghluaisteachta acu, agus easpa naisc straitéiseacha le príomh-mhoil fostaíochta agus iompair isteach ar a éifeachtacht do go leor cónaitheoirí. Ba é an meon a moladh ná go mbeadh luach chomh mór ar phoncúlacht agus ar mhinicíocht a fheabhsú ar bhealaí atá ann cheana féin agus a bheadh ar sheirbhísí nua a chur leis.

Tithíocht agus Pobal

Nuair a cuireadh ceist orthu faoi **thithíocht agus faoi shaincheisteanna pobail gaolmhara**, bhí sé de nós ag freagróirí an tsuirbhé dul i ngleic le saincheisteanna pobail. Mar a tugadh faoi deara níos luaithe, d'aithin siad go bhfuil mothú láidir dearfach ar mheon an phobail, a mheas siad a bheith ina shócmhainn mhór don cheantar. Chuir go leor daoine síos go raibh a gcomharsana cairdiúil agus cabhrach, agus bhí bród suntasach i líonraí seasmhacha agus tacaíochta an phobail áitiúil. Tarraingíodh aird ar imeachtaí eagraithe, ar nós cóisirí sráide agus cóisir bhliantúil CP na Coirre Duibhe sa pháirc, mar phríomhchuidíocháin a chothaíonn an spiorad seo.

Fíor 36: Tithe sa Chorr Dhubh



Chonacthas éagsúlacht an phobail agus láithreacht iliomad ball teaghlaigh a chónaíonn in aice láimhe mar ghnéithe dearfacha freisin a neartaíonn dáimh shóisialta. Taispeánann an néal focal seo a leanas (Fíor 37) roinnt gnéithe dearfacha den tithíocht agus den phobal.

Fíor 37: Gnéithe dearfacha den tithíocht agus den phobal



Chreid cónaitheoirí go bhfuil dúshlán ag baint leis an mothú láidir pobail atá ann go háitiúil mar gheall ar shaincheistanna a bhaineann leis an stoc tithíochta áitiúil. Ba í an fhadhb ba mhinice a luadh agus ba shofheicthe ná an líon ard tithe cumhdaithe le cláir adhmaid agus tithe folmha. Is léir go raibh frustrachas ar fhreagróirí suirbhé mar gheall ar na hamanna fada slánúcháin chun na tithe seo a athchóiriú agus a ligean ar cíós arís, agus iad ag cur síos air mar "áiféiseach" i measc ganntanas tithíochta. Féachadh ar an réadmhaoin fholamh seo mar radharc gránna a chuireann le faillí agus meath. Ardaíodh ceist na n-

infheisteoirí a bhí ag ceantáil ar cheannaitheoirí áitiúla chun tithe a cheannach go háitiúil mar ábhar imní freisin, agus eagla orthu go bhféadfadh an treocht seo carachtar an cheantair a athrú agus bac a chur ar mhuintir na háite fanacht ina bpobal.

Thug an t-aiseolas le fios freisin go bhfuil neamhréir idir soláthar tithíochta agus riachtanais phobail. D'aithin roinnt rannpháirtithe ganntanas tithíochta oiriúnach do dhaoine breacaosta ar mian leo áit níos lú agus do dhaoine aonair faoi mhíchumas a dteastaíonn aonaid inoiriúnaithe uathu. Rinne roinnt daoine cur síos freisin ar an stoc tithíochta atá ann cheana féin mar shean agus le séideán agus siorradh, le hiarratais ar iarfheistiú agus scéimeanna painéil gréine chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Taispeánann an néal focal seo a leanas (Fíor 38) roinnt dúshlán tithíochta agus pobail.

Fíor 38: Gnéithe dúshlánacha den tithíocht agus den phobal



Go hachomair, cé gur neart aitheanta é creatlach shóisialta an phobail, tá sé faoi bhrú ó mheath fisiciúil, dúshlán bhainistíochta tithíochta, agus coiriúlacht. Díríonn na moltaí comhchoiteanna aird ar an méid seo a leanas:

- Lón na dtithe folmha a laghdú;
- Forfheidhmiú i gcoinne iompar frithshóisialta a mhéadú, agus
- Éagsúlacht níos mó tithíochta a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais daonra atá ag dul in aois agus daonra éagsúil.

Is éard a bheadh i gceist leis an bpobal a neartú ná tacú le himeachtaí níos dírithe ar an bpobal áitiúil a eagrú agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhshaoil a bhaineann le mórtas na gcónaitheoirí ina gceantar féin.

Sráideanna agus Spásanna

Maidir le **sráideanna agus spásanna**, bhí meas ag go leor freagróirí ar spásanna glasa a bheith ann go háitiúil. I measc na samplaí sonracha a aithníodh bhí, an pháirc in aice leis an gclub peile agus Gleann na Tulchann, na gairdíní pobail agus na "tailte áille" ag OT Bhaile Átha Cliath. Aithnítear cothabháil ghinearálta roinnt ceantar, le tuairimí go gcoinnítear sráideanna "tríd is tríd, glan agus slachtmhar" agus go raibh cosáin réidh den chuid is mó. Bhí sé ina bhuntáiste freisin go raibh siopaí agus áiseanna ar fáil laistigh de shiúlóid éasca, agus thug roinnt daoine faoi deara go raibh mealltacht áirithe ag baint leis an gceantar, agus muintir na háite ag léiriú bróid as. Taispeánann an néal focal seo a leanas (Fíor 39) roinnt gnéithe dearfacha ó mhuintir na háite faoi shráideanna agus spásanna.

Fíor 39: Gnéithe dearfacha de shráideanna agus de spásanna



Aithníodh imní shuntasach, áfach, maidir le cothabháil, sábháilteacht agus easpa conláistí. Príomhcheist ab ea cuma fhisiciúil agus cothabháil an cheantair. Luaigh go leor freagróirí iliomad tithe cumhdaithe le cláir adhmaid agus folamh, agus dúirt siad go raibh cuma "liath," "tréigthe," agus "gan aire" ar an áit dá bharr. Measadh go raibh sé seo á dhéanamh níos measa ag fadhbanna leanúnacha le bruscar, le fiailí ró-fhásta sa samhradh, agus le cásanna de dhumpáil rúnda. Cuireadh imní shonrach in iúl freisin maidir le giúirléidí bhaineann le drugaí a fágadh ina luí thart (lena n-áirítear snáthaidí agus scragall a caitheadh i leataobh), rud a raibh tionchar aige ar an mothú sábháilteachta agus glaineachta.

Léiríodh imní freisin maidir le sábháilteacht agus inrochtaineacht. Gearán coitianta ab ea an soilsiú easnamhach i bpríomhcheantair cosúil leis an bpáirc agus Gleann na Tulchann, rud a chuireann leis na spásanna seo a dhéanamh neamhsábháilte, go háirithe do mhná agus do chailíní. Ina theannta sin, cé go bhfuil roinnt cosán go maith, tá inrochtaineacht d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí neamhsheasmhach; (agus tá rampaí in easnamh ar go leor siopaí agus tithe tábhairne, agus roinnt rampaí atá ann cheana agus colbhaí tite nach bhfuil oiriúnach don fheidhm). Luadh freisin an gá le níos mó suíocháin, spásanna foscúla, agus leithris phoiblí.

Téama láidir i rith na bhfreagraí ná an easpa áiseanna tiomnaithe, saor in aisce do dhaoine óga. Cuireadh síos arís agus arís eile nach raibh "áit ar bith le dul" ag déagóirí, agus tuairiscí ar ghrúpaí daoine óga ag teacht le chéile ag an ionad leighis toisc nach bhfuil spásanna saora, fáiltiúla ann dóibh chun sóisialú a dhéanamh. Luadh go soiléir an mian le háis óige atá tógtha go speisialta dó, chomh maith le moltaí do roghanna caitheamh aimsire níos gníomhaí ar nós clóis shúgartha, cúirteanna cispheile, agus cuaillí cúil ar limistéir ghlasa. Tugann an néal focal seo a leanas (Fíor 40) breac-chuntas ar roinnt dúshlán le sráideanna agus spásanna.

Fíor 40: Gnéithe dúshlánacha de shráideanna agus de spásanna



D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na heasnamh seo, mhol cónaitheoirí an méid seo a leanas:

- Comharthaíocht agus feabhsuithe aeistéitiúla níos fearr, lena n-áirítear éadain siopaí a phéinteáil, agus múrphictiúir, comharthaí "Fáilte go dtí an Chorr Dhubh" a chur in airde, agus níos mó plandáil bláthanna fiáine a chur i bhfeidhm chun bithéagsúlacht a fheabhsú; agus
- Athnuachan ar an ionad siopadóireachta áitiúil - chun spás níos fáiltí don phobal a dhéanamh de.

Mhol an t-aiseolas freisin go raibh mian láidir ann le hinfheistíocht spriocdhírithe i nglanadh, soilsiú, inrochtaineacht, agus spásanna fáilteacha a chruthú do gach aoisghrúpa chun dul i ngleic leis na saincheistanna seo.

Tionchar an Phobail

Léiríonn an t-aiseolas mothú measctha agus go minic teoranta ar **thionchar an phobail** ar chinntí áitiúla. Tuairiscíonn roinnt cónaitheoirí idirghníomhaíochtaí dearfacha, ag tabhairt faoi deara go bhfuil comhairleoírí áitiúla agus Teachtaí Dála inrochtana agus gur féidir leo a bheith éifeachtach maidir le saincheistanna tuairiscithe ar leith a réiteach. Tugadh aitheantas freisin do dheiseanna struchtúrtha do dhaoine óga guth a bheith acu trí Chomhairle na nÓg agus trí chomhairlí mac léinn i scoileanna. Breathnaíodh ar obair eagraíochtaí pobail láidre áirithe, go háirithe CP na Coirre Duibhe, mar fhórsa dearfach a d'fhéadfadh ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh ar leasanna áitiúla, le cónaitheoir amháin ag tabhairt faoi deara gur tar éis pleananna a scaoileadh, "Ní dheachaigh Fine Gall i dteagmháil le CP na Coirre Duibhe, roimh ré... d'éist siad" nuair a d'ardaigh an club imní. Taispeántar na rudaí dearfacha seo sa néal focal seo a leanas (Fíor 41)



Thug freagróirí an tsuirbhé le fios freisin nach gcloistear nó nach lorgaíonn comhlachtaí / gníomhaireachtaí oifigiúla guth an phobail go córasach. Léirigh go leor freagróirí frustrachas nach ndeachthas i gcomhairle leo maidir le cinntí a théann i bhfeidhm orthu, ag mothú go bhfuil rannpháirtíocht frithghníomhach seachas réamhghníomhach. Luaigh líon suntasach freagróirí go simplí, "Níl a fhios agam cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh" nó "Níor ghlac mé páirt riamh i gcinnteoireacht," ag cur béime ar bhearna mhór i gcainéil inrochtana le haghaidh rannpháirtíochta.

Téama thar a bheith láidir ab ea an bac maidir le faitíos agus le himeaglú a bhain le gníomhaíocht choiriúil áitiúil agus le drugaí. Rinne cónaitheoirí cur síos air seo mar an "eilifint sa seomra" a chuireann daoine ina dtost agus a chuireann bac orthu labhairt amach ar shaincheisteanna práinneacha, rud a chruthaíonn constaic shuntasach ar ghníomhaíocht agus ar chumhachtú faoi stiúir an phobail. Ina theannta sin, thuairiscigh na freagróirí nach bhfuil aon chomhlachas gníomhach cónaitheoirí ná comhairle pobail ann, rud a fhágann go bhfuil cur chuige ilroinnte ann i leith na habhcóideachta. Chonacthas go raibh meath na struchtúr, ar nós cruinnithe móra pobail, fágtha ar neamhní maidir leis an gcaoi ar féidir le cónaitheoirí tionchar a imirt i dteannta a chéile ar phleananna agus ar thosaíochtaí forbartha. Taispeánann an réal focal seo a leanas (Fíor 42) na dúshláin atá roimh an bpobal.

Fíor 42: Gnéithe dúshlánacha de thionchar an phobail



Chuir an t-aiseolas moltaí soiléire ar fáil chun tionchar an phobail a fheabhsú. Bhí glaonna arís agus arís eile ar chomhairliúcháin níos foirmiúla agus níos rialta ar phleananna áitiúla ó CCFG. Mhol cónaitheoirí

freisin cruinnithe agus féilte ar fud an phobail a athbheochan chun comhfhéiniúlacht níos láidre a chothú agus ardán a chur ar fáil lena bplé. Measadh go raibh sé ríthábhachtach bealaí cumarsáide a fheabhsú, le smaointe lena n-áirítear nuachtlitir áitiúil, úsáid níos fearr a bhaint as cláir fógraí, agus faisnéis shoiléir maidir le cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh le haghaidh saincheisteanna éagsúla. Ar deireadh, bhí moladh sonrach ann lena chinntiú go bhfuil próisis rannpháirtíochta cuimsitheach agus go gcloíonn siad le prionsabail cosúil le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCPRD), rud a chinntíonn go mbeidh deis ag gach cónaitheoir páirt a ghlacadh.

Fíor 43: Lárionad Cúraim Phríomhúil na Coirre Duibhe



Trácht agus Páirceáil

Maidir le **trácht agus páirceáil**, rinne líon beag freagróirí trácht dhearfach ar pháirceáil saor in aisce a bheith ar fáil ag Ionad Bhaile Bhlainséir agus roinnt bearta maolaithe tráchta a bheith ann, amhail rampaí luais, a bhfuil sé i gceist leo luasanna feithicle a choinneáil síos. Luaitear freisin áisiúlacht na conláistí bheith inrochtana go héasca i gcarr. Tá siad seo le feiceáil sa néal focal seo a leanas (Figiúr 44).

Fíor 44: Gnéithe dearfacha den trácht agus den pháirceáil



Mar sin féin, bhí na rudaí dearfacha seo laghdaithe ag imní suntasach agus forleathan mar gheall ar an mbrú tráchta dian le linn buaicamanna. Gearán coitianta i measc na gcónaitheoirí ná go bhfuil an Chorr Dhubh á úsáid mar bhealach tríd do thrácht ó eastáit thionsclaíocha in aice láimhe i mBaile Cúlann agus ó

OT Bhaile Átha Cliath, rud a fhágann go bhfuil cuid acu ag cur síos ar choinníollacha ina dtranglam idir 4 pm agus 7 pm. Is measa an róplódú seo ná tuairiscí ar dhrochiompar tiománaithe, lena n-áirítear feithiclí "ag rith trí shoilse dearga" ag scoileanna agus ag timpealláin, a fheictear mar riosca tromchúiseach sábháilteachta do choisithe agus do rothaithe araon.

Ba é an dara mór-réimse imní do fhreagróirí an tsuirbhé ná soláthar páirceála easnamhach agus neamhshábháilte. Chonacthas gur fadhb ar leith é seo le linn imeachtaí ag Club Peile na Coirre Duibhe agus ag an Ionad Spóirt, áit a mbíonn carranna páirceáilte go contúirteach ar bhóithre agus ar chosáin mar thoradh ar easpa páirceála poiblí tiomnaithe, rud a chuireann bac ar chosáin agus a chruthaíonn caochspotaí. Tarraingíodh aird ar leith ar an nganntanas páirceála oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas, agus uaireanta cuirtear síos ar na háiteanna atá ann cheana nach bhfuil oiriúnach don fheidhm. Ina theannta sin, is féidir leis an bpáirceáil bhreise ó áiseanna pobail amhail an mosc ar laethanta urnaí bac a chur ar rochtain ar thithe cónaitheoirí áitiúla.

Tharraing an soláthar infreastruchtúir fhisiciúil cáineadh nach beag go háitiúil freisin. Rinneadh cur síos ar bhail na mbóithre agus na rampaí, go háirithe ar Bhóthar na Cúirte Duibhe, mar "náire," le tuairiscí go bhfuil drochdhromchlaí agus cineálacha áirithe rampaí luais ag déanamh dochair d'fheithiclí. Chreid go leor freagróirí nach bhfuil dóthain pointí trasnaithe sábháilte sa cheantar do choisithe, mar shampla trasrianta séabra, agus gur minic a chuireann toir rófhásta, boscaí bruscair, nó carranna atá páirceáilte go mídhleathach bac ar chosáin, rud a chruthaíonn deacrachtaí d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus do thuismitheoirí a bhfuil bugaithe acu. Bearna shuntasach a sainaithníodh ná easpa iomlán beagnach de phointí luchtaithe feithiclí leictreacha poiblí, rud atá ina fhadhb do chónaitheoirí i dtithe nach bhfuil in ann a gcuid féin a shuiteáil. Léiríonn an néal focal seo a leanas (Fíor 45) an méid a bhraitheann cónaitheoirí mar na dúshláin nó na heasnamh is mó maidir le trácht agus páirceáil.

Fíor 45: Gnéithe dúshlánacha den trácht agus den pháirceáil



